GCSE

Rewarding Learning

Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe GCSE CCEA

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le **measúnú** den chéad uair Samhradh 2018
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019

Cód Ábhair: 4810

Réamhrá

Tá sonraíochtaí nua forbartha ag CCEA a chomhlíonann critéir cháilíochtaí GCSE. Tá na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a théann leis na sonraíochtaí nua á gcur ar fáil le treoir a thabhairt do lárionaid ar struchtúr agus ar thréithe na measúnuithe atá beartaithe roimh an chéad mheasúnú. Is é an aidhm gur cuidiú iad na hábhair shamplacha mheasúnaithe sa leabhrán seo le go dtuigfidh múinteoirí agus daltaí, a oiread agus is féidir, an méid a mbeidh marcálaithe ag dúil leis i bhfreagairtí iarrthóirí ar na cineálacha tascanna agus ceisteanna a chuirfear ina láthair ag leibhéal GCSE. Ba chóir na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht GCSE CCEA don Fhoghlaim don tSaol agus don Obair.

Foghlaim don tSaol agus don Obair GCSE
Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe

Clár Ábhair

Páipéir Shamplacha **3**

Aonad 1: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda 3
Aonad 2: Forbairt Phearsanta 13
Aonad 3: Infhostaitheacht 23

Scéimeanna Marcála **33**

Treoracha Ginearálta Marcála 35
Aonad 1: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda 39
Aonad 2: Forbairt Phearsanta 55
Aonad 3: Infhostaitheacht 73
Aonad 4: Tasc Measúnú Rialaithe 89

Cód Ábhair	4810
QAN	603/1274/9

Foilseachán CCEA © 2017

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoilseachán seo a íoslódáil ó www.ccea.org.uk

PÁIPÉIR SHAMPLACHA

PÁIPÉIR SHAMPLACHA

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2018

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Aonad 1

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair an chloig

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach** ceist sa scrúdpháipéar seo

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **5(a), 5(b) agus 6**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
Marc Iomlán	

Freagair **gach** ceist

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

1 **(a)** Ainmnigh **ceann amháin** de chearta an duine.

_____ [1]

(b) Scríobh bealach **amháin** ar féidir leis an rialtas cearta an duine a chur chun cinn.

_____ [1]

(c) Mínigh fáth **amháin** a bhfuil cearta an duine tábhachtach sa tsochaí.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir go sárófaí cearta páiste a thugtar air dul le sclábhaíocht.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** fháth a bhfuil Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann (1998) tábhachtach.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

2 **(a)** Scríobh líon na ranna rialtais i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann.

_____ [1]

(b) Ainmnigh Roinn Rialtais **amháin** i dTionól Thuaisceart Éireann.

_____ [1]

(c) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) *(NGOs)* comhionannas sóisialta a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le leithcheal dul i bhfeidhm ar dhuine óg ó ghrúpa mionlach eitneach.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach a gcuireann Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann comhionannas chun cinn.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

3 **(a)** Scríobh an teideal a thugtar ar dhuine atá ina ionadaí tofa i dTionól Thuaisceart Éireann.

_____ [1]

(b) Ainmnigh tionchar **amháin** ar fhéiniúlacht chultúrtha duine.

_____ [1]

(c) Mínigh eochairghné **amháin** de chuid Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Mínigh ról **amháin** de chuid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le scoil cuimsiú a chur chun cinn.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

4 **(a)** Mínigh **dhá** fháth ar féidir le coimhlint tarlú idir dhá ghrúpa éagsúla daoine sa tsochaí.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

(b) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir réiteach a fháil ar choimhlint idir dhá ghrúpa fhreasúracha i sochaí.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

5

Foinse A: An Tionchar atá ag Inmirce ar Thuaisceart Éireann

In 2011 measadh go raibh 80 000 imirceach ina gcónaí i dTuaisceart Éireann. Is ionann sin agus 4.3% den daonra iomlán. Tá bunús na n-imirceach as tíortha an Aontais Eorpaigh (AE) *(EU)*. Ach, meastar go dtitfidh imirce thar an 25 bliain amach romhainn.

Is ionann oibrithe imirceacha agus thart ar 4% de lucht saothair Thuaisceart Éireann. Éilíonn níos lú ná 5% d'imircigh an AE liúntas cuardaitheora poist. Idir 2004 agus 2008 chuir oibrithe imirceacha thart ar £1.2 billiún leis an gheilleagar.

I suirbhé a rinneadh in 2010 mheas 70% de dhaoine gur chuir imircigh brú ar sheirbhísí poiblí. Mheas an leathchuid acu gur ghlac imircigh poist ó dhaoine áitiúla. Idir 2013 agus 2014 bhí méadú de 43% ar ionsaithe bunaithe ar bhonn cine.

Dúirt 69% de dhaoine, áfach, gur chuir imircigh le hilchineálacht chultúrtha Thuaisceart Éireann.

Foinse: Arna chur in oiriúint ó 'Challenging Racism: Ending Hate' © 2016 Unite Against Hate

Léigh an fhaisnéis i bhFoinse A go cúramach le cuid (a) den cheist thíos a fhreagairt.

(a) An fhaisnéis san Fhoinse agus do chuid eolais féin in úsáid agat déan anailís ar an tionchar atá ag inimirce i dTuaisceart Éireann.

[6]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Tá sé tábhachtach go mothaíonn imircigh i dTuaisceart Éireann gur cuid den phobal iad.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(b) Pléigh na bealaí ar féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh.

[6]

Déileálann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) le raon de shaincheisteanna ceartas sóisialta.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

6 Déan luacháil ar ról ENRanna maidir le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann.

[10]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2018

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Aonad 2

Forbairt Phearsanta

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair an chloig

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo. Freagair **gach** ceist sa scrúdpháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **5(a), 5(b) agus 6**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
Marc Iomlán	

Freagair **gach** ceist

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

1 **(a)** Scríobh bealach **amháin** ar féidir le duine óg déileáil le dúlagar.

_____ [1]

(b) Luaigh cineál **amháin** de mhí-úsáid.

_____ [1]

(c) Cuir síos ar dhúshlán **amháin** atá ag leastuismitheoir le teaghlach a thógáil.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Mínigh riosca **amháin** as feithicil a thiomáint faoi thionchar alcóil.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le duine a airgeadas pearsanta a chosaint ar chalaois.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

2 **(a)** Scríobh sampla **amháin** de thacaíocht do dhuine atá i gcaidreamh mífholláin.

_____ [1]

(b) Scríobh foinse **amháin** d'fhaisnéis airgeadais.

_____ [1]

(c) Mínigh bealach **amháin** ar féidir le tuismitheoir tacú le páiste le scileanna sóisialta a fhorbairt.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Mínigh bealach **amháin** ar féidir le duine óg déileáil le bulaíocht homafóbach.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le tuismitheoirí cuidiú le páistí iompraíocht dul i riosca a sheachaint.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

3 **(a)** Scríobh fáth **amháin** a rachadh teaghlach i bhfiacha.

_____ [1]

(b) Scríobh iarmhairt fhisiceach **amháin** a bhaineann le barraíocht alcóil a ól.

_____ [1]

(c) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le cóimheas a bheith ina chuidiú le caidreamh folláin a choinneáil.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Mínigh buntáiste **amháin** as cuntas bainc reatha a bheith agat.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** éifeacht fhisiceacha as druga mídhleathach a ghlacadh.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

4 **(a)** Mínigh **dhá** bhealach ar féidir tionchar a bheith ag pósadh ar fhorbairt duine.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

(b) Cuir síos ar **dhá** bhealach ar féidir le duine óg uaigneas a bhainistiú.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

5

Foinse A: Daoine óga agus úsáid líonraithe shóisialta

Bíonn meáin shóisialta amhail *Twitter, Instagram* agus *Facebook* in úsáid ag a lán daoine óga anois le cumarsáid a dhéanamh lena gcairde agus lena dteaghlach. De réir *NSPCC* tá próifíl mheáin shóisialta ag seachtar as gach deichniúr daoine idir 10 go 15 bliana d'aois.

I gcás cuid mhaith daoine óga is rud dearfach dóibh é na meáin shóisialta a úsáid. Ach, de réir *NSPCC*:

- chuir rud éigin ar láithreán líonraithe shóisialta isteach ar pháiste amháin as gach ceathrar; agus
- bhí os cionn 11,000 seisiún comhairleoireachta le daoine óga a labhair le *Childline* faoi shaincheisteanna ar líne (2015).

Is féidir fosta go gcaitheann daoine óga barraíocht ama ar na meáin shóisialta. Seo thíos cuid de na rioscaí as na meáin shóisialta a úsáid: cumarsáid a dhéanamh le daoine nach bhfuil aithne agat orthu, saincheisteanna meabhairshláinte, bradaíl aitheantais agus cibearbhulaíocht.

Foinse: NSPCC

Léigh an fhaisnéis i bhFoinse A go cúramach le cuid (a) den cheist thíos a fhreagairt.

(a) An fhaisnéis san fhoinse agus do chuid eolais féin in úsáid déan anailís ar na bealaí ar féidir tionchar diúltach a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga.

[6]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Úsáideann bunús na ndaoine óga na meáin shóisialta le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(b) Pléigh na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid.

[6]

Rachaidh na heispéiris den tsaol atá ag duine óg i bhfeidhm ar a fhorbairt phearsanta.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

6 Déan luacháil ar an tionchar atá ag dul ar ollscoil ar dhuine óg.

[10]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2018

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Aonad 3

Infhostaitheacht

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair an chloig

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach** ceist sa scrúdpháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **5(a), 5(b) agus 6**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
Marc Iomlán	

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

1 **(a)** Ainmnigh dlí a chinntíonn comhionannas san ionad oibre.

_____ [1]

(b) Scríobh fáth **amháin** a ndéanfaí leithcheal ar dhuine san ionad oibre.

_____ [1]

(c) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le fostóir a chinntiú go gcaitear go cothrom le fostaithe.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Mínigh fáth **amháin** a rachadh fostaí isteach i gceardchumann.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** thairbhe do dhuine óg as pleanáil ghairme phearsanta.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

2 **(a)** Scríobh saincheist timpeallachta **amháin** san ionad oibre.

_____ [1]

(b) Ainmnigh iarmhairt **amháin** a bheidh ann mura gcomhlíonann fostaí a bhfreagrachtaí san ionad oibre.

_____ [1]

(c) Mínigh bealach **amháin** ar féidir le fostóir caidreamh oibre dearfach a fhorbairt lena fhostaithe.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Cuir síos ar bhealach **amháin** a dtiocfadh le fostaí déileáil le strus atá bainteach le hobair.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le gnólacht freagracht shóisialta a thaispeáint.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

3 **(a)** Scríobh scil **amháin** a bheadh úsáideach san ionad oibre.

_____ [1]

(b) Ainmnigh bua **amháin** a bheadh úsáideach san ionad oibre.

_____ [1]

(c) Cuir síos ar fháth **amháin** a bhfuil sé tábhachtach ullmhú d'agallamh le haghaidh poist.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Mínigh bealach **amháin** a ndéanfadh fostóir measúnú ar oiriúnacht iarrthóra le haghaidh poist.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **dhá** bhuntáiste as bheith féinfhostaithe.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

4 **(a)** Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le fostóir a chinntiú go gcoinnítear scileanna fostaí suas chun dáta.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

(b) Mínigh **dhá** thairbhe a bhaineann le Conradh Fostaíochta.

1 _____

_____

_____

_____

2 _____

_____

_____

_____ [4]

5

Foinse A: Easpaí Scileanna i nGnólachtaí Thuaisceart Éireann

I dTuaisceart Éireann, fógraítear 1000 post ar an mheán gach seachtain dá mbíonn sé deacair ag gnólachtaí a líonadh. Tá sé deacair ag mórán gnólachtaí domhanda TF agus airgeadais poist a líonadh a éilíonn scileanna a fhorbraíodh in ábhair amhail Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) *(STEM)*.

Éilíonn gnólachtaí go mbeadh saineolas agus sainoiliúint ag fostaithe le saintascanna a chomhlánú. In éagmais na speisialtóirí seo, bíonn ar ghnólachtaí táirgeadh a sheachfhoinsiú, ní bhíonn siad in ann orduithe a chomhlánú in am agus bíonn sé deacair orthu dul in iomaíocht le gnólachtaí eile.

Foinse: CCEA

Léigh an fhaisnéis i bhFoinse A go cúramach le cuid (a) den cheist thíos a fhreagairt.

(a) An fhaisnéis san fhoinse agus do chuid eolais in úsáid agat déan anailís ar na héifeachtaí atá le heaspaí scileanna ETIM ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann.

[6]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Cuidíonn scoileanna le daoine óga a ullmhú don fhostaíocht trí chur ar a gcumas dóibh scileanna infhostaitheachta a fhorbairt.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(b) Pléigh an fáth a gcuirfeadh scoileanna ábhair ETIM chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí easpaí scileanna a shárú.

[6]

Mar gheall ar an domhandú tá earraí agus seirbhísí ar fáil 24 uair an chloig sa lá i dTuaisceart Éireann.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

6 Déan luacháil ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann.

[10]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

SCÉIMEANNA MARCÁLA

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

Foghlaim don tSaol agus don Obair

TREORACHA GINEARÁLTA MARCÁLA

Treoracha Ginearálta Marcála

Intreoir
Is é cuspóir na scéimeanna marcála a chinntiú go marcáiltear scrúduithe GCSE go comhsheasmhach agus go cothrom. Sa scéim mharcála, tugtar léiriú do mharcálaithe ar chineál agus ar réimse de fhreagairtí iarrthóirí ar dócha gur fiú creidiúint iad. Leagtar amach iontu fosta na critéir ba chóir dóibh a fheidhmiú agus iad ag tabhairt marcanna ar fhreagairtí iarrthóirí.

Cuspóirí measúnaithe
Thíos tá na cuspóirí measúnaithe don Fhoghlaim don tSaol agus don Obair GCSE.

Ní mór d'iarrthóirí:

CM1 a n-eolas agus a dtuiscint ar Fhoghlaim don tSaol agus don Obair a thabhairt chun cuimhne, a roghnú agus a chur in iúl;
CM2 scileanna, eolas agus tuiscint ar Fhoghlaim don tSaol agus don Obair a chur i bhfeidhm; agus
CM3 anailís agus luacháil a dhéanamh ar fhaisnéis, foinsí agus fianaise, breithiúnais réasúnacha a dhéanamh agus tátail a chur i láthair a bhaineann le Foghlaim don tSaol agus don Obair.

Cáilíocht fhreagairtí na n-iarrthóirí
Nuair a bhíonn siad ag marcáil scrúdpháipéar, ba chóir do scrúdaitheoirí cáilíocht freagartha a lorg a léiríonn an leibhéal aibíochta a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, a bheadh ag dalta 16 bliana d'aois óir is é sin an aois atá ag formhór iarrthóirí scrúduithe GCSE.

Solúbthacht sa mharcáil
Níltear ag dúil le scéimeanna marcála bheith iomlán saintreorach. Ní thig le scéim mharcála ar bith gach freagairt a thabharfadh iarrthóirí a chlúdach. I gcás freagraí nach rabhthas ag súil leo, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú le bailíocht freagraí a mheas. Má tá fadhb ar leith ag baint le freagra, ba chóir do scrúdaitheoirí treoir a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Maoirseachta.

Marcáil dhearfach
Moltar do scrúdaitheoirí bheith dearfach agus iad ag marcáil, agus creidiúint chuí a thabhairt don méid atá ar eolas ag daltaí, an méid a thuigeann siad agus an méid a thig leo a dhéanamh seachas pionós a ghearradh orthu as earráidí nó as easnaimh. Ba chóir do scrúdaitheoirí feidhm a bhaint as réimse iomlán na marcanna atá ar fáil in aon cheist ar leith agus bheith sásta iomlán marcanna a bhronnadh ar fhreagairt atá chomh maith agus a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ó iarrthóir GCSE 16 bliana d'aois.

Marcanna nialasacha a bhronnadh
Is ar fhreagairtí bailí amháin ba chóir marcanna a bhronnadh agus níor chóir marcanna a bhronnadh ar fhreagra atá go huile agus go hiomlán contráilte nó míchuí.

Cineálacha scéimeanna marcála
Marcáiltear tascanna nó ceisteanna inar gá d'iarrthóirí freagairt shínte scríofa a thabhairt ar bhonn leibhéil freagartha a chuireann caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh.

Ceisteanna eile nach bhfuil ach freagraí gairide de dhíth orthu, marcáiltear iad ar bhonn pointe ar phointe le marcanna bronnta ar gach píosa bailí eolais a chuirtear ar fáil.

Leibhéil freagartha
Tascanna agus ceisteanna a éilíonn ar iarrthóirí scríbhneoireacht shínte mar fhreagairt, déantar iad a mharcáil i dtéarmaí leibhéil freagartha. Agus cinneadh á dhéanamh acu ar an leibhéal freagartha atá le bronnadh, ba chóir do scrúdaitheoirí an 'oiriúint is fearr' a chuardach, ag cur san áireamh gur féidir laige i réimse amháin a chúiteamh le láidreacht i réimse eile. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar mharc le bronnadh ar fhreagairt taobh istigh de leibhéal ar leith, táthar ag dúil le go mbainfidh scrúdaitheoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil. Cuirtear an treoir seo a leanas ar fáil le cuidiú le scrúdaitheoirí.

- **Feidhmíocht tairsí:** Freagairt a thuilleann creidiúint sa leibhéal más ar éigean agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag bun an raoin nó in aice leis sin.
- **Feidhmíocht idirmheánach:** Freagairt a thuilleann go follasach creidiúint sa leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi i lár an raoin nó in aice leis sin.
- **Ardfheidhmíocht:** Freagairt a chomhlíonann go hiomlán an cur síos ar an leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag barr an raoin nó in aice leis sin.

Caighdeán na cumarsáide scríofa
Cuirtear caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh nuair a bhítear ag measúnú freagairtí iarrthóirí ar gach tasc agus ar gach ceist inar gá dóibh freagairt a thabhairt i bhfoirm shínte scríofa. Marcáiltear na tascanna agus na ceisteanna seo ar bhonn leibhéil freagartha. Tá tagairt do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa chur síos ar gach leibhéal freagartha.

Ar mhaithe le gontacht, idirdhealaítear caighdeán na cumarsáide scríofa taobh istigh de leibhéil freagartha mar seo a leanas:

Leibhéal 1: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach.
Leibhéal 2: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil.
Leibhéal 3: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil.

Agus léirmhíniú á dhéanamh acu ar gach cur síos ar leibhéal, ba chóir do scrúdaitheoirí tagairt a dhéanamh don treoir thíos atá níos mionsonraithe:

Leibhéal 1 (Bunúsach): Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid theoranta d'fhoirm agus de stíl chuí scríbhneoireachta. Is féidir go bhfuil easpa soiléireachta agus léirchruinnis ag baint le heagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. B'fhéidir nach mbeadh an chiall bheartaithe soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

Leibhéal 2 (Inniúil): Déanann an t-iarrthóir rogha agus baineann sé úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá ábhar ábhartha eagraithe le roinnt soiléireachta agus léirchruinnis.
Baintear roinnt úsáid as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 3 (An-inniúil): Roghnaíonn agus úsáideann an t-iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá ábhar ábhartha eagraithe le hardchéim soiléireachta agus léirchruinnis.
Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2018

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Aonad 1

Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

[CÓD]

SAMPLA

SCÉIM MHARCÁLA

1 **(a)** Ainmnigh **ceann amháin** de chearta an duine. (CM1)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann amháin de na cearta daonna seo a leanas i bhfreagraí:

- an ceart chun na beatha
- an ceart chun náisiúntachta
- an ceart chun bheith saor ó chéastóireacht
- an ceart chun príobháideachta
- an ceart chun pósadh
- an ceart chun vótáil
- an ceart chun do thuairimí a nochtadh gan srian

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(b) Scríobh bealach **amháin** ar féidir leis an rialtas cearta an duine a chur chun cinn. (CM1)

Is féidir go mbeidh **ceann amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- beartas
- reachtaíocht
- cumarsáid
- oideachas

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(c) Mínigh fáth **amháin** a bhfuil cearta an duine tábhachtach sa tsochaí. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **ceann amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- cinntíonn cearta an duine go bhfuil an ceart ag gach duine páirt a ghlacadh sa tsochaí; go bhfuil deis ag gach duine páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha.
- coinníonn siad daoine sábháilte ó dhochar agus ó mhí-úsáid an rialtais, comhlachtaí poiblí agus grúpaí eile; tá siad ina gcuidiú le daoine a chosaint.
- tugann siad cosaint do dhaoine ar leithcheal ón rialtas, ó chomhlachtaí poiblí agus ó fhostóirí; cuidíonn siad lena chinntiú go bhfuil an comhionannas deise céanna ag gach duine.
- tugann siad cosaint do na grúpaí daoine is leochailí sa tsochaí amhail páistí agus daoine aosta; cuidíonn siad lena chinntiú go dtugtar cluas dóibh agus go riartar ar a riachtanais.
- caithfidh gach dlí a ritheann an rialtas comhaontuithe agus caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine a shásamh; cuidíonn siad lena chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine de réir an dlí.

MARCANNA AR FÁIL

- cosnaíonn cearta an duine marthanas an duine aonair; tá an ceart chun na beatha ag gach duine.
- cinntíonn siad folláine an duine aonair, tá an ceart ag gach duine le tithíocht, cúram sláinte agus oideachas inacmhainne a fháil.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir don tábhacht a bhaineann le cearta an duine sa tsochaí

(1 × [2]) [2]

(d) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir go sárófaí cearta páiste a thugtar air dul le sclábhaíocht. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **ceann amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- *CNACL (UNCRC) Airteagal 10* – an ceart ag páistí le cónaí lena dtuismitheoirí: is féidir go gceiltear an ceart seo má chuirtear iallach orthu dul le fostú páistí agus má bhaintear óna dteaghlaigh iad.
- *CNACL Airteagal 11* – an ceart ag páistí ar chosaint ar a bhfuadach: is féidir go sáraítear an ceart seo má baintear páistí óna dtuismitheoirí le fórsa lena ndúshaothrú ag páirtithe eile.
- *CNACL Airteagal 12* – an ceart ag páistí le tuairimí a nochtadh: is féidir go séantar orthu an deis a dtuairimí a nochtadh ar cheisteanna a bhaineann lena leas.
- *CNACL Airteagal 28* – an ceart ag páistí le hoideachas ardchaighdeáin a fháil saor in aisce: in áit dul ar scoil is féidir go dtabharfaí orthu dul ag obair mar sclábhaithe.
- *CNACL Airteagal 31* – an ceart ag páistí le súgradh agus le scíth: má thugtar ar pháistí dul ag obair mar sclábhaithe ceiltear am orthu súgradh le páistí eile agus scíth a ligean.

Tógadh na samplaí thuas ón CNACL. Ní gá d'iarrthóirí airteagail chearta an duine a lua, m.sh. Airteagal 12. Tugtar seo mar threoir don scrúdaitheoir. Bronnfar marcanna ar shamplaí bailí ar bith eile a thógtar as CNACL.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir cearta páiste a shárú

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** fháth a bhfuil Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann (1998) tábhachtach. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- cuireann Alt 75 ceangal ar údaráis phoiblí comhionannas deise do gach duine a chur chun cinn. Cinntíonn sé go bhfuil comhionannas deise ag daoine aonair ina naoi gcatagóir comhionannais, lena n-áirítear, aois, cine, inscne agus gnéaschlaonadh.
- cuireann sé ceangal ar údaráis phoiblí dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach agus dearcadh polaitiúil difriúil acu agus atá ó ghrúpa ciníoch difriúil. Tá seo mar chuidiú le teannas a laghdú idir grúpaí difriúla san ionad oibre agus sa tsochaí.
- cuireann Alt 75 dualgas ar údaráis phoiblí scéim comhionannais a tháirgeadh a chuireann síos ar an dóigh atá beartaithe acu a ndualgais faoi Alt 75 a chomhlánú. Spreagann sé údaráis phoiblí le comhionannas a chur chun cinn go gníomhach.
- cuireann an dlí cosaint ar fáil do chearta an duine aonair. Cuidíonn sé seo le comhionannas a chur chun cinn agus lena chinntiú nach ndéantar leithcheal ar dhaoine sna catagóirí comhionannais.
- cuidíonn Alt 75 le dul i ngleic le neamhionannais shóisialta idir grúpaí difriúla sa tsochaí. Cuidíonn sé seo leis an tionchar atá ag neamhionannais shóisialta idir grúpaí difriúla sa tsochaí a laghdú agus cothaíonn sé sochaí níos cothroime.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir d'fháth **amháin** a bhfuil Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann tábhachtach.
(2 × [2]) [4] 10

2 **(a)** Scríobh líon na ranna rialtais i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann. (CM1)

Sa fhreagra ba cheart go luafaí:

- 9 (naoi gcinn)

(1 × [1]) [1]

(b) Ainmnigh Roinn Rialtais **amháin** i dTionól Thuaisceart Éireann. (CM1)

Is féidir go mbeidh **ceann amháin** de na ranna seo a leanas de chuid rialtas Thuaisceart Éireann i bhfreagraí:

- An Oifig Feidhmiúcháin
- An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe
- An Roinn Pobail
- An Roinn Geilleagair

- An Roinn Oideachais
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Bonneagair
- An Roinn Ceartais

(1 × [1]) [1]

(c) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) *(NGOs)* comhionannas sóisialta a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **ceann amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- Is féidir le ENRanna feachtais a reáchtáil le feasacht a ardú faoi shaincheisteanna comhionannas sóisialta amhail bochtaineacht, easpa dídine, soláthar cúram sláinte agus oideachas. Tarraingeoidh siad aird ar shaincheisteanna sa tsochaí nach mór dul i ngleic leo.
- is féidir leo agóidí/léirsithe/mórshiúlta síochánta a reáchtáil le haird a tharraingt ar réimsí neamhionannas sóisialta i sochaí Thuaisceart Éireann. Is féidir go spreagfaidh seo an rialtas déileáil leis na saincheisteanna sin agus comhionannas sóisialta a chur chun cinn.
- is féidir leo stocaireacht a dhéanamh ar pholaiteoirí agus ar rialtas lena dtacaíocht a fháil agus le tabhairt orthu beart a dhéanamh le comhionannas sóisialta a chur chun cinn
- is féidir le ENRanna tacú le daoine i bpobail áitiúla le déileáil le saincheisteanna amhail bochtaineacht, easpa dídine agus cúram sláinte. Is féidir leo comhairle, oiliúint, áiseanna agus acmhainní a sholáthar.
- is féidir leo oibriú le scoileanna agus le grúpaí pobail le daoine a chur ar an eolas faoin tábhacht atá le comhionannas sóisialta sa tsochaí.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** a gcuireann ENR comhionannas chun cinn i dTuaisceart Éireann

(1 × [2]) [2]

MARCANNA AR FÁIL

(d) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le leithcheal dul i bhfeidhm ar dhuine óg ó ghrúpa mionlach eitneach. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh **ceann amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir go mothaíonn an duine óg nach bhfuil dúil ag daoine eile iontu nó go bhfuil siad ina n-éadan. Mar gheall air seo is féidir go mothaíonn siad eisiata, scoite agus uaigneach.
- is féidir go bhfuil sé deacair ag an duine óg cairdeas a dhéanamh. Is féidir go ndéanfaidh daoine óga eile iarracht iad a eisiamh ó ghrúpaí cairdis.
- is féidir go bhfuil sé níos deacra ag an duine óg fostaíocht a fháil ná duine éigin ó mhórchultúr sa tsochaí. Beidh sé deacair orthu riar orthu féin ó thaobh airgid de.
- is féidir go bhfuil sé deacair ar an duine óg cóiríocht a fháil. Is féidir nach bhfuil siad ábalta cónaí i gcóiríocht nó i gceantar dá rogha féin.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] ar chur síos cruinn le tagairt shoiléir d'éifeacht **amháin** as leithcheal ar dhuine óg

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach a gcuireann Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann comhionannas chun cinn. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- comhionannas deise a chur chun cinn, dea-chaidrimh a spreagadh agus dúshlán a thabhairt ar leithcheal trí fhógraíocht, comhairle agus forfheidhmiú.
- leithcheal a laghdú trí chomhionannas agus dea-chleachtas a chur chun cinn agus daoine a chur ar an eolas faoina gcearta. Is féidir le daoine foghlaim le bheith níos tuisceanaí agus meas a bheith acu ar dhaoine atá difriúil. Mar sin de, is féidir gur lú seans go ndéanfaidh siad leithcheal ar dhaoine eile.
- dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine ó ghrúpaí ciníocha difriúla. Ar an dóigh seo is féidir cuidiú le daoine ó ghrúpaí ciníocha mionlaigh agus ón phobal áitiúil tuiscint níos fearr a fháil ar a chéile agus teannas agus leithcheal a laghdú.
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar bheartais phoiblí lena chinntiú nach sáraíonn siad reachtaíocht chomhionannais. Tá seo mar chuidiú le cearta daoine aonair agus grúpaí mionlaigh a chosaint agus leithcheal a chosc.

- comhairle, faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil d'fhostóirí maidir le reachtaíocht chomhionannais. Tacaíonn Comisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann (*NIEC*) leo beartas agus cleachtas comhionannais a fhorbairt a chloíonn le reachtaíocht.
- cinntíonn sé go gcloítear le dlí comhionannais trí ghearáin a imscrúdú agus imscrúdaíonn sáruithe féideartha ar dhlí comhionannais agus tugann cásanna chun na cúirte.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** a gcuireann Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann comhionannas chun cinn.

(2 × [2]) [4] 10

3 **(a)** Scríobh an teideal a thugtar ar dhuine atá ina ionadaí tofa i dTionól Thuaisceart Éireann. (CM1)

Sa fhreagra ba cheart go luafaí:

- Comhalta den Tionól Reachtach nó CTR *(MLA)*

(1 × [1]) [1]

(b) Ainmnigh tionchar **amháin** ar fhéiniúlacht chultúrtha duine. (CM1)

Is féidir go mbeidh **ceann amháin** de na tionchair seo a leanas i bhfreagraí:

- tuismitheoirí
- cairde
- teaghlach
- na meáin
- ceiliúráin
- scoil/múinteoirí
- cumainn
- reiligiún/eaglais

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

MARCANNA AR FÁIL

(c) Mínigh eochairghné **amháin** de chuid Chomhaontú Bhéal Feirste/ Aoine an Chéasta. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na heochairghnéithe seo a leanas i bhfreagraí:

- Prionsabal an toilithe. Is féidir le daoine i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann cinneadh a dhéanamh i reifreann fanacht sa RA nó Éire aontaithe a bheith acu.
- moladh go mbeadh rialtas cineachta Thuaisceart Éireann ann agus cumhachtaí reachtacha aige le cinneadh a dhéanamh faoi shaincheisteanna áitiúla.
- moladh go gcruthófaí Tionól Thuaisceart Éireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann atá mar Rialtas Thuaisceart Éireann.
- moladh institiúidí nua le cearta an duine daoine a chosaint agus comhionannas a chur chun cinn. Áirítear orthu siúd an Coimisiún Comhionannais, Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine (NIHRC), agus Oifig an Ombudsman don Phóilíniú.
- an ceart ag daoine i dTuaisceart ar dhéshaoránacht. Is féidir le daoine i dTuaisceart Éireann saoránacht Éireannach nó Bhriotanach nó iad araon a bheith acu.
- ilchineálacht teangacha a aithint. Aithníonn an Comhaontú an Ghaeilge, an Ultais agus teangacha mionlaigh eitneacha agus cuireann sé chun cinn iad.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir d'eochairghné **amháin** de chuid Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta

(1 × [2]) [2]

(d) Mínigh ról **amháin** de chuid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na róil seo a leanas i bhfreagraí:

- comhaontú ar dhréacht-Phlean Rialtais do Thuaisceart Éireann. Leagann seo amach tosaíochtaí agus gealltanais rialtais le geilleagar agus sochaí Thuaisceart Éireann a fheabhsú.
- comhaontú ar dhréachtbhuiséad do Thuaisceart Éireann agus ar an dóigh a leithdháileann agus a gcaitheann ranna éagsúla rialtais airgead.
- reachtaíocht a chruthú agus a fhaomhadh le cur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann.
- ní mór do chomhaltaí an Fheidhmeannais teacht ar chomhaontú ar an dóigh le saincheisteanna suntasacha nó conspóideacha a réiteach a mbeidh tionchar acu ar shochaí agus ar gheilleagar Thuaisceart Éireann.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

MARCANNA AR FÁIL

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do ról **amháin** de chuid Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le scoil cuimsiú a chur chun cinn. (CM1, CM2).

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir Beartas Cuimsithe a bheith ag an scoil. Cuireann seo in iúl na bearta a dhéanfar chun cuimsiú a chur chun cinn. Beidh seo mar threoir do chleachtas iomlán na scoile agus is féidir é a chomhroinnt le daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí.
- cultúir éagsúla a cheiliúradh trí ócáidí scoile a reáchtáil a thabharfaidh aitheantas do reiligiúin, féilte, teangacha, réim bia/ bianna, srl éagsúla. Spreagann seo muintearas i measc na ndaoine óga ar fad agus bíonn gach duine páirteach.
- daltaí a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le cuimsiú agus ar an dóigh ar féidir leo cuidiú le daoine eile a bhraistint gur cuid de phobal na scoile iad uilig. Foghlaimíonn daltaí faoi chuimsiú i Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, Oideachas Reiligiúnach agus in ábhair eile agus i dtionóil scoile.
- cuimsiú a chur chun cinn trí iompraíocht dhearfach i leith daoine eile a spreagadh agus seasamh go láidir ina n-éadan siúd a ghníomhaíonn le daoine eile a eisiamh. Léireoidh seo go bhfuil an scoil dáiríre faoi chuimsiú.
- a chinntiú go bhfuil comhionannas deise ag gach dalta. A chinntiú go riartar ar riachtanais foghlama na ndaltaí uilig lena n-áirítear iad siúd le Riachtanais Speisialta Oideachais. Cuidíonn sé seo lena chinntiú go dtugtar meas ar gach duine aonair agus ar a n-oideachas.
- a chinntiú go gcloíonn an scoil le dlí comhionannais agus go bhfuil gach saoráid scoile in oiriúint le riar ar riachtanais na ndaltaí ar fad lena n-áirítear iad siúd faoi mhíchumais. Cuireann seo cuimsiú chun cinn trína chinntiú go bhfuil cothroime rochtana ag gach dalta ar shaoráidí scoile.
- raon ilchineálach bia a sholáthar sa cheaintín lena chinntiú go riarann an scoil ar riachtanais chothaithe na ndaltaí lena n-áirítear iad siúd ó chúlraí cultúrtha agus reiligiúnacha difriúla. Cuireann seo cuimsiú chun cinn trína chinntiú go riartar ar riachtanais chothaithe na ndaltaí ar fad.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

MARCANNA AR FÁIL

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le scoileanna cuimsiú a chur chun cinn

(2 × [2]) [4] 10

4 **(a)** Mínigh **dhá** fháth ar féidir le coimhlint tarlú idir dhá ghrúpa éagsúla daoine sa tsochaí. (CM1/CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir go mbreathnóidh daoine ó chultúir nó ó reiligiúin dhifriúla ar dhaoine eile mar dhaoine atá difriúil. Is féidir gur beag tuiscint atá acu ar dhaoine ó chultúir eile. Dá bharr, is féidir leithcheal, biogóideacht agus coimhlint tarlú idir na grúpaí difriúla seo.
- is féidir go mothóidh daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha imeallaithe agus is féidir nach n-imeascfaidh siad sa tsochaí i gcoitinne. Is féidir go mbeidh daoine ó thraidisiúin nó ó reiligiúin dhifriúla ina gcónaí i ngrúpaí nó i bpobail ar leith. Mar gheall air seo is féidir go mothóidh daoine i ngrúpaí mionlaigh agus daoine eile sa tsochaí i gcoitinne faoi bhagairt mar gheall ar na daoine eile a bheith ann, agus is féidir coimhlint tarlú sa tsochaí dá bharr.
- is féidir go mbeidh tuairimí polaitiúla nó reiligiúnacha freasúracha láidre ag grúpaí daoine le féiniúlachtaí cultúrtha difriúla faoi dhaoine ó ghrúpaí eile. Is féidir go mothóidh grúpa cultúrtha amháin go bhfuil a dtuairimí bailí agus nach nglacfaidh siad le tuairimí daoine eile ó chultúir eile cionn is go nglacann siad leis go bhfuil tuairimí freasúracha acu. Cruthaíonn sin deighilt sa tsochaí agus is féidir leis bheith ina chúis le coimhlint.
- is féidir go mbeidh grúpaí áirithe daoine sa tsochaí faoi mhíbhuntáiste. Is féidir go mbeidh tionchar ag neamhionannais shóisialta agus eacnamaíocha orthu. Cruthaíonn seo deighilt idir iad féin agus daoine eile sa tsochaí. Is féidir go mbeidh corraíl shóisialta agus coimhlint b'fhéidir sa stát dá bharr.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le coimhlint tarlú idir grúpaí éagsúla sa tsochaí.

(2 × [2]) [4]

(b) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir réiteach a fháil ar choimhlint idir dhá ghrúpa fhreasúracha i sochaí. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- timpeallacht neodrach a sholáthar le cainteanna a reáchtáil faoi na saincheisteanna atá taobh thiar den choimhlint. I dtimpeallacht neodrach is lú seans go mothóidh grúpaí freasúracha faoi mhíbhuntáiste. Cuirtear deis ar fáil dóibh tuiscint níos fearr a fháil ar sheasamh a chéile. Is mó seans go dtiocfaidh siad ar chomhréiteach leis an choimhlint a réiteach.
- d'fhéadfadh eadránaí neodrach ról a ghlacadh le plé a éascú ar na saincheisteanna taobh thiar den choimhlint. Is féidir leo clár oibre agus sprioc-amanna a leagan amach atá comhaontaithe ag an dá ghrúpa. Is féidir leo réimsí a shainaithint ina bhféadfaí comhaontú a bhaint amach agus na buntáistí as an choimhlint a réiteach a chur ar a súile don dá ghrúpa.
- is féidir leis an rialtas deiseanna a sholáthar do dhaoine ó ghrúpaí freasúracha páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte. Beidh seo mar chuidiú ag daoine le níos mó a fhoghlaim faoi dhaoine ón ghrúpa eile. Beidh seo mar chuidiú le muinín agus dea-chaidreamh a thógáil agus le laghdú ar an tseans go dtarlóidh tuilleadh coimhlinte.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir coimhlint a réiteach sa tsochaí.

(2 × [2]) [4]

MARCANNA AR FÁIL

8

Foinse A: An Tionchar atá ag Inmirce ar Thuaisceart Éireann

In 2011 measadh go raibh 80 000 imirceach ina gcónaí i dTuaisceart Éireann. Is ionann sin agus 4.3% den daonra iomlán. Tá bunús na n-imirceach as tíortha an Aontais Eorpaigh (AE) (EU). Ach, meastar go dtitfidh imirce thar an 25 bliain amach romhainn.

Is ionann agus thart ar 4% de lucht saothair Thuaisceart Éireann oibrithe imirceacha. Éilíonn níos lú ná 5% d'imircigh an AE liúntas cuardaitheora poist. Idir 2004 agus 2008 chuir oibrithe imirceacha thart ar £1.2 billiún leis an gheilleagar.

I suirbhé a rinneadh in 2010 mheas 70% de dhaoine gur chuir imircigh brú ar sheirbhísí poiblí. Mheas an leathchuid acu gur ghlac imircigh poist ó dhaoine áitiúla. Idir 2013 agus 2014 bhí méadú de 43% ar ionsaithe bunaithe ar bhonn cine.

Dúirt 69% de dhaoine, áfach, gur chuir imircigh le hilchineálacht chultúrtha Thuaisceart Éireann.

Foinse: Arna chur in oiriúint ó 'Challenging Racism: Ending Hate' © 2016 Unite Against Hate

5 Léigh an fhaisnéis i bhFoinse A go cúramach le cuid (a) den cheist thíos a fhreagairt.

MARCANNA AR FÁIL

(a) An fhaisnéis san fhoinse agus do chuid eolais féin in úsáid agat déan anailís ar thionchar na hinimirce i dTuaisceart Éireann.
(CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh ceann **ar bith** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- in 2011 bhí thart ar 80 000 imirceach ina gcónaí i dTuaisceart Éireann. Cé go bhfuil an chuma air seo gur líon ard imirceach atá ann níl ann ach céatadán beag den daonra (4.3%).
- léiríodh i suirbhé gur mheas a lán daoine (beagnach 50%) go nglacann imircigh poist ó dhaoine áitiúla. B'fhéidir go measann siad amhlaidh cionn is nach bhfuil siad cinnte de na fíricí agus gur minic a bhíonn siad réamhchlaonta. Léiríonn figiúirí gur cuid measartha beag den lucht saothair iad imircigh ar 4%.
- measann a lán daoine fosta go dtagann imircigh go Tuaisceart Éireann le sochair a éileamh ach léiríonn na figiúirí nach n-éilíonn ach 5% d'imircigh AE sochair. Ní léiríonn seo, áfach, an céatadán d'imircigh neamh-AE a éilíonn sochair.
- léirigh suirbhé gur mheas a lán daoine (70% acu siúd a ndearnadh suirbhé orthu) go bhfuil imircigh i ndiaidh cur leis an éileamh ar sheirbhísí poiblí. Áirítear orthu siúd cúram sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta. Is féidir go mothóidh daoine áitiúla nár chóir go mbeadh imircigh i dteideal na seirbhísí seo.
- is dócha gur féidir go mbeadh meon daoine i leith imirceach taobh thiar d'ionsaithe ciníocha. In 2014 bhí méadú 43% ar ionsaithe bunaithe ar bhonn cine. Ní léiríonn an figiúr, áfach, an líon ionsaithe.
- léiríonn na figiúirí go gcuidíonn imircigh go mór le geilleagar Thuaisceart Éireann. Mar shampla, líonann siad bearnaí scileanna, íocann cánacha agus caitheann a n-ioncam i dTuaisceart Éireann.
- tugann an suirbhé le fios go measann a lán daoine gur chuir imircigh le hilchineálacht chultúrtha Thuaisceart Éireann. Tugann seo le fios go bhfuil meon dearfach acu siúd a ndearnadh suirbhé orthu i leith an méid a dhéanann imircigh ar son shochaí Thuaisceart Éireann.
- má thagann laghdú ar imirce sna blianta amach romhainn mar atá tuartha is féidir gur lú brú a bheidh ar sheirbhísí poiblí ach is féidir fosta go mbeidh easpaí scileanna ann agus go gcaillfear ioncam ó cháin.
- má thagann níos lú daoine go Tuaisceart Éireann as tíortha eile is féidir nach mbeidh an tsochaí chomh hilchineálach céanna ó thaobh cultúir de.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint é

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Imprisean ginearálta – anailís bhunúsach

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar an tionchar atá ag inimirce i dTuaisceart Éireann.
- Anailís: sainaithníonn sé pointe ábhartha amháin ar a laghad ón fhoinse agus is féidir go dtugann sé léirmhíniú teoranta ar an tionchar atá ag inimirce ar Thuaisceart Éireann. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Imprisean ginearálta – anailís inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar an tionchar atá ag inimirce ar Thuaisceart Éireann agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Anailís: sainaithníonn sé agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ón fhoinse agus déanann sé anailís measartha mion ar an tionchar atá ag inimirce ar Thuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Imprisean ginearálta– anailís an-inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar an tionchar atá ag inimirce ar Thuaisceart Éireann agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Anailís: sainaithníonn sé agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ón fhoinse agus déanann sé mionanailís éifeachtach ar an tionchar atá ag inimirce ar Thuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

[6]

Tá sé tábhachtach go mothaíonn imircigh i dTuaisceart Éireann gur cuid den phobal iad.

(b) Pléigh na bealaí ar féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh. (CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh ceann **ar bith** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir leis an rialtas beartais agus straitéisí a bhunú le tacú le himircigh. Ní mór dó a chinntiú go riarann sé ar riachtanais reachtacha agus go dtacaíonn sé le cearta an duine do na himircigh.
- i dtaca le himircigh a tháinig go Tuaisceart Éireann le déanaí gach seans nach bhfuil cur amach acu ar na córais a bhaineann le cúram sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta agus is féidir go mbeidh comhairle de dhíth orthu le teacht ar na seirbhísí seo. Cuireann rialtas Thuaisceart Éireann agus a ranna comhairle agus tacaíocht ar fáil d'imircigh le cuidiú leo teacht ar na seirbhísí seo.

- i dtaca le daoine ag aistriú go Tuaisceart Éireann as tír eile is féidir go mbeidh tacaíocht ó raon seirbhísí de dhíth orthu, mar shampla is féidir go mbeidh orthu cóiríocht a aimsiú nó go mbeidh soláthar cúram sláinte de dhíth orthu. Is féidir le rialtas Thuaisceart Éireann a chinntiú go riarann sé ar riachtanas imirceach trí bheith ag oibriú le heagraíochtaí eile le rochtain ar na seirbhísí seo a sholáthar.
- is mian le teaghlaigh imirceacha le páistí a chinntiú go bhfaighidh a bpáistí oideachas. Cuireann rialtas Thuaisceart Éireann áiteanna scoile ar fáil.
- is féidir go mbeidh tacaíocht de dhíth ar pháistí nuathagtha le dul i dtaithí ar thimpeallacht na scoile nua acu. I roinnt cásanna, is féidir go mbeidh cuidiú de dhíth i dtaca le Béarla a fhoghlaim. Cuireann rialtas Thuaisceart Éireann seirbhís tacaíochta ar fáil do na páistí seo agus dá dteaghlaigh mar chuidiú dóibh imeascadh le pobal na scoile *(Inclusion and Diversity Service)*.

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Imprisean ginearálta- plé bunúsach
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar na bealaí ar féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh
- Plé: déanann sé tagairt do phointe ábhartha amháin ar a laghad agus is féidir go dtugann sé sonraí teoranta faoi na bealaí is féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([3]– [4])
Imprisean ginearálta– plé inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar na bealaí ar féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Plé: déanann sé tagairt do dhá phointe ábhartha agus déanann sé plé sásúil ar na bealaí ar féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Imprisean ginearálta– plé an-inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar na bealaí ar féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh agus cuireann sé seo i bhfeidhm go héifeachtach ar an cheist
- Plé: déanann sé tagairt do dhá phointe ábhartha ar a laghad agus déanann sé plé an-mhaith ar na bealaí ar féidir le rialtas Thuaisceart Éireann tacú le himircigh
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint é [6]

MARCANNA AR FÁIL

12

Déileálann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) le raon de shaincheisteanna ceartas sóisialta.

MARCANNA AR FÁIL

6 Déan luacháil ar ról ENRanna maidir le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann.

Is féidir go mbeidh ceann ar bith de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- Cuireann ENRanna cabhair fhadtéarmach agus ghearrthéarmach ar fáil dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí tithíochta acu. Cuireann siad dídean agus cóiríocht shealadach ar fáil do dhaoine gan dídean. Cuidíonn sé seo le fadhb na ndaoine gan dídean a mhaolú.
- Tá easpa dídine ar scála chomh mór sin sa RA nach mbeidh ENRanna leo féin in ann choíche riar ar riachtanais gach duine atá gan dídean. Is beag tionchar atá acu.
- Bíonn sé deacair ag ENRanna cóiríocht chuí a aimsiú do dhaoine gan dídean. Faoi láthair tá easpa tithíochta i dTuaisceart Éireann le liostaí fada feithimh faoi choinne tithíocht shóisialta. Cuireann seo bac ar an méid is féidir leo a dhéanamh le dul i ngleic le heaspa dídine.
- Bíonn ENRanna i mbun feachtais agus stocaireachta leis an rialtas le dul i bhfeidhm ar airí agus lucht déanta beartais le déileáil le heaspa dídine. Féadann seo bheith éifeachtach i dtaca le tacaíocht a fháil ag ardleibhéal agus is féidir go dtarlóidh athruithe dearfacha mar thoradh le dul i ngleic le heaspa dídine.
- Is beag tionchar atá ag ENRanna ar bheartas rialtais a athrú. Is saincheist ollmhór i dTuaisceart Éireann í easpa dídine.
- Reáchtálann ENRanna imeachtaí/gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid. Is féidir leis seo bheith éifeachtach i dtaca le maoiniú a fháil do na hacmhainní agus don chóiríocht atá de dhíth le tacú le daoine gan dídean.
- Is féidir nach mian le daoine airgead a thabhairt le cuidiú le daoine gan dídean. Is féidir nach bhfuil sé tábhachtach acu obair na ENRanna nó go measann siad nach rachaidh a dtabhartais do na daoine is mó gá. Is deacair an dúshlán seo a shárú.
- Spreagann ENRanna feasacht an phobail trína bhfeachtais sna meáin agus líonrú sóisialta ar na saincheisteanna atá ag daoine gan dídean. Is féidir go mbeidh tionchar aige seo ar thacaíocht an phobail le déileáil le heaspa dídine.
- Is féidir go measann daoine áirithe nach bhfuil cuidiú tuillte ag daoine gan dídean agus nach mbeidh siad sásta tacú le hENRanna le dul i ngleic le heaspa dídine. Dá mbeadh níos mó tacaíochta ón phobal ag ENRanna seans go dtiocfadh leo níos mó a dhéanamh le dul i ngleic le heaspa dídine.
- Cuireann ENRanna daoine óga ar an eolas faoi easpa dídine. Tugann seo tuiscint níos fearr do dhaoine óga ar na fadhbanna atá ag daoine gan dídean agus is féidir go mbeadh tionchar orthu tacú leo le dul i ngleic le heaspa dídine.
- Is féidir gur beag tionchar atá ag cláir oideachais ENRanna ar thacaíocht a fháil ó dhaoine óga le dul i ngleic le heaspa dídine. Is féidir nach mbeidh aon suim ag daoine óga sa tsaincheist.

Leibhéal 1 ([1]–[4])
Imprisean ginearálta: luacháil bhunúsach

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar ról Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar phointe ábhartha amháin ar a laghad ar ról ENRanna le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann
- Conclúid: is féidir go mbeidh sé ar iarraidh nó neamhimleor i dtaca le ról Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([5]–[7])
Imprisean ginearálta: luacháil inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar ról Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ar ról ENRanna le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann
- Conclúid: tagann sé ar chonclúid ábhartha a bhaineann lena luacháil ar ról ENRanna le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([8]–[10])
Imprisean ginearálta: luacháil an-inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar ghníomhaíochtaí Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht mionsonraithe ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ar ról ENRanna le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann
- Conclúid: tagann sé ar chonclúid mhionsonraithe a bhaineann lena luacháil ar ról ENRanna le dul i ngleic le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

[10] 10

Iomlán **60**

MARCANNA AR FÁIL

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2018

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Aonad 2

Forbairt Phearsanta

[CÓD]

SAMPLA

SCÉIM MHARCÁLA

1 **(a)** Scríobh bealach **amháin** ar féidir le duine óg déileáil le dúlagar. (CM1)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- leigheas, m.sh. frithdhúlagráin
- leigheas comhlántach– suathaireacht, ióga, ranganna socrachta
- stíl mhaireachtála – tús nua amhail aistriú tí, athrú fostaíochta, suimeanna agus sainchaitheamh aimsire nua, aclaíocht

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(b) Ainmnigh cineál **amháin** de mhí-úsáid. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- fisiceach
- mothúchánach
- gnéasach
- faillí

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(c) Cuir síos ar dhúshlán **amháin** atá ag leastuismitheoir le teaghlach a thógáil. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir go mbeidh sé deacair ag an leastuismitheoir dáimh a bheith aige/aici agus caidreamh a fhorbairt leis na leaspháistí. Is féidir go mbeidh air/uirthi déileáil le frithghníomhaíochtaí na bpáistí i leith a dtuismitheora ag athphósadh.
- is féidir go mbeidh sé deacair ag an leastuismitheoir déileáil le hiompraíocht dhoghlactha páistí. Is féidir nach mbeidh páistí sásta glacadh le treoir ó dhuine nach a dtuismitheoir(í) é/í.
- is féidir nach bhfaighidh an leastuismitheoir go leor tacaíochta óna pháirtí/óna páirtí agus é/í ag déileáil le saincheisteanna deacra tuismitheoireachta. Dá bharr seo bíonn sé níos deacra fós ag an leastuismitheoir meas na bpáistí a ghnóthú.
- is féidir go mbeidh ar an leastuismitheoir muinín a pháirtí/a páirtí a ghnóthú i dtaca leis na páistí. Dá bharr seo is féidir go mothóidh an leastuismitheoir nach bhfuil sé iontaofa agus d'fhéadfadh teannas tarlú dá bharr.
- tarlaíonn athrú i ndinimicí na gcaidreamh teaghlaigh mar gheall ar láithreacht an leastuismitheora. Is féidir go mbeidh sé deacair aige/aici a ról féin sa teaghlach a bhunú.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

MARCANNA AR FÁIL

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint é
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir do dhúshlán amháin atá ag leastuismitheoir le teaghlach a thógáil.

(1 × [2]) [2]

(d) Mínigh riosca **amháin** as feithicil a thiomáint faoi thionchar alcóil. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- cuirtear isteach ar chéadfaí duine agus bíonn a agaí frithghníomhúcháin níos fadálaí agus is mó riosca taisme atá ann. Is féidir go mbeidh sé fadálach le frithghníomhú i leith athrú ar dhálaí tiomána nach raibh sé ag dúil sé leis. D'fhéadfadh imbhualadh le feithicil eile tarlú dá bharr.
- duine a bhfuil alcól ólta aige agus a thiomáineann, cuireann sé a shábháilteacht phearsanta agus a bheatha i mbaol. Cuirtear isteach ar agaí frithghníomhúcháin an tiománaí agus ar a chumas breithiúnais agus cinntí a dhéanamh. Is mó riosca go mbeidh taisme ann ina bhféadfadh gortuithe tarlú a chuirfeadh daoine i mbaol a mbáis nó a d'athródh a saol agus a thabharfadh a mbás go fiú.
- duine a thiomáineann faoi thionchar alcóil is féidir go ndéanfaidh sé drochbhreithiúnais maidir le dálaí tiomána atá ag athrú. Tá an baol ann go 'mbuailfí' nó go 'leagfaí' coisí nó rothaí go mbeadh gortú nó bás dá bharr.
- duine a thiomáineann agus é faoi thionchar alcóil téann sé sa tseans go stopfaidh na péas é, go gcúiseofar é as tiomáint ar meisce agus go gcaillfidh sé a cheadúnas tiomána.
- duine a thiomáineann feithicil agus iad faoi thionchar alcóil tá an baol ann go mbeadh drochmheas ag teaglaigh agus ag daoine eile sa phobal air/go gcáinfidh siad é. Breathnaítear air de ghnáth mar iompraíocht dhoghlactha agus chontúirteach a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar shaol daoine eile.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do riosca **amháin** do dhuine as carr a thiomáint faoi thionchar alcóil

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le duine a airgeadas pearsanta a chosaint ar chalaois. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir le duine é féin a chosaint ar chalaois agus é ag obair ar líne trína fhaisnéis airgeadais phearsanta a chosaint. Ba cheart dó a shonraí logála isteach agus a phasfhocail a athrú go rialta, súil a choinneáil ar a chuntais, agus a bheith cúramach faoi na dreamanna dá dtugann sé an fhaisnéis seo.
- ba cheart do dhuine bheith cúramach agus é ag úsáid ríomhairí poiblí le faisnéis airgeadais phearsanta a phróiseáil. Ba cheart dó réamhchúraimí a ghlacadh i gcoinne calaoise trína chinntiú go bhfuil a stair ar líne scriosta aige agus trína sheiceáil go bhfuil gach logáil isteach agus pasfhocal scriosta sula n-úsáideann duine eile an ríomhaire.
- ba cheart do dhuine bheith san airdeall ar fhioscaireacht. Bíonn seo in úsáid ag calaoiseoirí le turscar nó míreanna aníos a ghiniúint a dhéanann aithris ar bhainc nó ar ghnólachtaí dlisteanacha le faisnéis phearsanta a fháil is féidir leo a úsáid le cuntais daoine a rochtain. Ba cheart do dhuine i gcónaí an suíomh gréasáin a dheimhniú le rialuithe slándála sula gcuireann sé isteach sonraí airgeadais pearsanta sa dóigh nach ngabhfar agus nach n-úsáidfear sonraí go calaoiseach.
- monatóireacht rialta a dhéanamh ar ráitis bhainc agus ar chárta creidmheasa lena sheiceáil gur taifead cruinn iad ar idirbhearta an duine. Is féidir leis an duine freagairt go gasta agus an banc nó an comhlacht cárta creidmheasa a chur san airdeall má tá cuma ar an scéal go bhfuil rud éigin as ord.
- ba cheart do dhuine ráitis bhainc atá as dáta, iarratais ar chárta creidmheasa, billí agus aon rud le faisnéis phearsanta a stialladh go rialta sula gcaitheann sé sa bhosca athchúrsála iad. Laghdaíonn seo an baol calaoise.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í [1] ráiteas bunúsach [2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le duine a airgeadas pearsanta a chosaint ar chalaois

(2 × [2]) [4] 10

MARCANNA AR FÁIL

2 (a) Scríobh sampla **amháin** de thacaíocht do dhuine atá i gcaidreamh mífholláin. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- labhairt lena chairde
- labhairt lena theaghlach
- dul i bpáirt le grúpa féinchabhrach
- tacaíocht ghairmiúil a lorg, m.sh. NHS, comhairleoir
- tacaíocht a lorg ó eagraíocht dheonach
- straitéisí chun déileáil le deacrachtaí a fhorbairt

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(b) Scríobh foinse **amháin** d'fhaisnéis airgeadais. (CM1)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- eagraíocht iontaofa
- litríocht airgeadais – an post, banc sráide, idirlíon, suíomhanna gréasáin comparáide
- comhairleoir airgeadais
- fógraí ar na meáin – teilifís, ar líne
- clár raidió nó teilifíse – saineolaí sábhála airgid
- eolas agus tuiscint phearsanta
- cairde
- teaghlach

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(c) Mínigh bealach **amháin** ar féidir le tuismitheoir tacú le páiste le scileanna sóisialta a fhorbairt. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir le tuismitheoir deiseanna a chur ar fáil dá pháiste súgradh le páistí eile. Is féidir leis an pháiste a scileanna sóisialta a fhorbairt má fhoghlaimíonn sé an dóigh le hidirghníomhú le agus le freagairt do pháistí eile.
- deiseanna a sholáthar do pháistí cluichí a imirt agus bréagáin a chomhroinnt le páistí eile. Foghlaimíonn páistí an dóigh le sealaíocht a dhéanamh i gcluiche lena mbréagáin a chomhroinnt gan bheith ag éirí trína chéile, agus le cumarsáid a dhéanamh le linn bheith ag súgradh le páistí eile.
- a pháiste a chur chuig naíscoil/bunscoil. Forbróidh an páiste a scileanna sóisialta i suíomh struchtúrtha trí
- am súgartha, léitheoireacht, gníomhaíochtaí foghlama agus obair ghrúpa eile sa seomra ranga.
- a pháiste a thabhairt chuig bialann le haghaidh béile nó ag siopadóireacht. Thig leis an pháiste an dóigh le hidirghníomhú le daoine fásta a fhoghlaim, chomh maith leis an dóigh le bheith múinte dea-bhéasach.
- a pháiste a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí/ clubanna seach-churaclaim. Cuideoidh sé seo leis bualadh le daoine eile agus na scileanna sóisialta a fhorbairt atá de dhíth le cairdeas a thógáil agus a choinneáil.
- trína n-iompraíocht agus a meon is féidir le tuismitheoirí dea-shampla a thabhairt i dtaca le hiompraíocht, béasaí agus cumarsáid a dhéanamh go measúil le daoine eile. Ar an dóigh seo foghlaimeoidh an páiste cad é is iompraíocht inghlactha ann agus dearcthaí dearfacha a fhorbairt.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

MARCANNA AR FÁIL

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le tuismitheoir tacú le scileanna sóisialta páiste

(1 × [2]) [2]

(d) Mínigh bealach **amháin** ar féidir le duine óg déileáil le bulaíocht homafóbach. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- insint do dhuine éigin, múinteoir foirme mar shampla, cara, Príomhoide, comhordaitheoir tréadchúraim nó duine éigin eile atá ábalta cuidiú leis na heachtraí a réiteach.
- labhairt le nó dul i dteagmháil le heagraíocht ar nós *Bully Busters, ChildLine, Beatbullying* nó *Kidpower* atá ábalta comhairle agus cuidiú a thabhairt lena dtaithí/idirlíon/ar líne.
- é a spreagadh le seasamh suas dó féin oiread agus is féidir agus gan ligean don bhulaí a shaol a chrá/neamhaird/ gan aird a thabhairt ar an bhulaí.
- é a spreagadh le labhairt le tuismitheoir a d'fhéadfadh iarraidh ar thuismitheoirí an bhulaí tabhairt air éirí as an bhulaíocht.
- é a spreagadh le dul i dteagmháil leis na póilíní faoi choinne cuidiú le déileáil leis an fhadhb agus deireadh a chur leis an bhulaíocht mar seans gur coir choiriúil é seo.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le duine déileáil le bulaíocht homafóbach

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le tuismitheoirí cuidiú le páistí iompraíocht dul i riosca a sheachaint. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir go labhróidh an duine óg lena thuismitheoirí sula dtugann sé faoi iompair contúirteach mar go bhfuil muinín aige astu agus a fhios aige gur ar mhaithe leis an duine óg atá siad, agus seans gur féidir leo dea-chomhairle a thabhairt.
- bhí tuismitheoirí óg lá den tsaol agus is féidir go mbainfidh siad úsáid as a dtaithí ar bheith óg le comhairle agus tacaíocht a thabhairt ar an dóigh le déileáil le cás contúirteach leis an riosca don duine óg a laghdú.
- is féidir go mbeidh tuismitheoirí ábalta é a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla, mar mhalairt ar pháirt a ghlacadh in iompraíochtaí dul i riosca. Mar shampla, thiocfadh leo é a mhealladh le clárú le club nó le foireann spóirt nó gníomhaíochtaí a dhéanamh le chéile.

- is féidir le tuismitheoirí bealaí praiticiúla a thairiscint leis an chás chontúirteach a sheachaint ar fad mar chuidiú le dochar féideartha don duine óg a sheachaint amhail insint do thuismitheoirí cá bhfuil sé ag dul agus cé leis a bhfuil sé.
- is féidir go leagfaidh tuismitheoirí síos pionóis nó teorainneacha mar shampla cuirfiú ag deireadh na seachtaine mar go dtuigeann tuismitheoirí a chontúirtí atá iompraíocht dul i riosca agus gur mian leo an duine óg a choinneáil slán ó dhíobháil.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le tuismitheoirí cuidiú le páistí iompraíocht dul i riosca a sheachaint

(2 × [2]) [4] 10

MARCANNA AR FÁIL

3 **(a)** Scríobh fáth **amháin** a rachadh teaghlach i bhfiacha. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- drochbhuiséadú
- caiteachas gan choinne
- teaghlach ag dul i méad
- post a chailleadh/dífhostaíocht
- drochshláinte
- andúil sa chearrbhachas
- andúil i ndrugaí
- colscaradh

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(b) Scríobh iarmhairt fhisiceach **amháin** as barraíocht alcóil a ól. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- fadhbanna ae amhail cioróis
- gortú pearsanta mar gheall ar thaisme
- breithiúnas lagaithe nó radharc doiléir
- fadhbanna croí
- murtall/fadhbanna meáchain
- ardbhrú fola
- baol méadaithe strócanna
- diaibéiteas

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(c) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le cóimheas a bheith ina chuidiú le dea-chaidreamh a choinneáil. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- má tá meas ag daoine ar a chéile agus ar mhianta agus ar mhothúcháin a bpáirtithe is mó seans go léireoidh siad tacaíocht agus cúram dá chéile.
- má tá meas ag daoine ar a chéile agus má easaontaíonn siad gach seans go dtiocfaidh siad ar chomhréiteach agus comhaontú ar réiteach a oireann dóibh araon.
- má tá meas acu ar a chéile is féidir go léireoidh siad tacaíocht agus athdhearbhú agus spreagadh a thairiscint dá chéile cionn is gurb é atá i gceist le caidreamh folláin ná an duine eile a chothú agus gan a bheith ag déanamh beag de nó di.
- má tá cóimheas acu beidh meas acu ar phríobháideachas a chéile mar nach gcaithfear gach rud a chomhroinnt. Ba cheart dóibh spás a thabhairt dá chéile ina gcaidreamh.
- cuireann cóimheas ar chumas an chaidrimh fás agus forbairt trína thaispeáint go bhfuil cion ag gach páirtí ar an duine eile.

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le cóimheas bheith mar chuidiú le caidreamh folláin a choinneáil.

(1 × [2]) [2]

(d) Mínigh buntáiste **amháin** as cuntas bainc reatha a bheith agat. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- le cuntas reatha faigheann daoine ráiteas gach mí a thaispeánann a n-iarmhéid cuntais. Ar an dóigh seo is fusa do dhaoine a gcuid airgid ina gcuntas reatha a bhainistiú agus buiséadú a dhéanamh.
- cuireann cuntas reatha ar chumas daoine baincéireacht mhóibíleach agus aipeanna ar fhón cliste a úsáid agus bíonn sé níos fusa dóibh dá bharr idirbhearta a dhéanamh óna gcuntas.
- cuireann cuntas bainc reatha ar chumas daoine siopadóireacht a dhéanamh ar líne ar an idirlíon. Ar an dóigh seo sábhálann daoine am agus airgead i gcomparáid le siopadóireacht a dhéanamh ar an mhórshráid.
- tá cárta dochair ar cheann de na seirbhísí a chuirtear ar fáil le cuntas reatha. Bíonn sé níos sábháilte seo a úsáid seachas airgead tirim a bheith ar iompar agat agus tú i mbun siopadóireachta. Níl aon bhaol ann go gcaillfidh tú airgead tirim ná go ngoidfear é.
- má tá cuntas reatha ag duine is féidir leis a bhillí míosúla a íoc go huathoibríoch ar dháta seasta. Ar an dóigh seo ní gá dó bheith buartha faoi chuimhneamh ar na híocaíochtaí seo a dhéanamh.

MARCANNA AR FÁIL

- tá airgead i gcuntas bainc reatha faoi árachas agus sábháilte ach, níl aon chosaint ann maidir le hairgead a choinnítear sa bhaile ar rudaí cosúil le dóiteán, tuile nó gadaíocht.

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhuntáiste **amháin** as cuntas bainc reatha a bheith agat.

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** éifeacht fhisiceacha as druga mídhleathach a ghlacadh. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- de ghnáth, bíonn raon d'éifeachtaí fisiceacha ar dhaoine a úsáideann drugaí mídhleathacha. Is féidir go mbeidh deacrachtaí acu maidir le comhordú, caint leata, mearbhall, dochar ae agus duáin, fadhbanna riospráide, mírialtacht i rithim an chroí agus taomanna croí.
- bíonn éifeachtaí fisiceacha difriúla ag drugaí difriúla ar dhaoine difriúla. Orthu tá cíocras siúcra agus dramhbhia, codladh corrach, cailliúint shuntasach meáchain agus raon tinneas a tharlaíonn níos minice do dhaoine a ghlacann drugaí ná mar a tharlaíonn siad do dhaoine nach nglacann drugaí. Is féidir leo seo uile éifeacht dhiúltach a bheith acu ar shláinte fhisiceach fhadtéarmach.
- mar gheall ar na héifeachtaí fisiceacha as andúil i ndrugaí is féidir go mbeidh úsáideoirí drugaí an-tinn le linn éirí as le tinneas, pian mhatánach, easpa fuinnimh agus croitheadh doshrianta.
- is féidir leis na héifeachtaí fisiceacha as úsáid drugaí mídhleathacha dul i bhfeidhm ar chuma an duine fosta. Bíonn cuid mhór úsáideoirí drugaí ar nós cuma liom faoin chuma agus faoin chóiriú acu, agus bíonn cuma fhisiceach mhíofar orthu dá gcairde, dá teaghlach, dá gcomhghleacaithe agus dá bpáirtithe.
- bíonn daoine a úsáideann drugaí mídhleathacha níos soghabhálaí i leith SEIF (*HIV*) agus heipitítis mar gheall ar chleachtais neamhshábháilte amhail snáthaidí a chomhroinnt. Is féidir leo seo tionchar fadtéarmach a bheith acu ar shláinte fhisiceach an duine.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir d'éifeacht fhisiceach **amháin** as druga mídhleathach a ghlacadh.

(2 × [2]) [4] 10

4 **(a)** Mínigh **dhá** bhealach ar féidir tionchar a bheith ag pósadh ar fhorbairt duine. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- nuair a phósann beirt is minic a fhorbraíonn siad suimeanna coiteanna. Foghlaimíonn siad an dóigh le rudaí a dhéanamh le chéile agus le bheith lena chéile. Ar an dóigh seo is féidir le gach duine forbairt go mothúchánach.
- trí phósadh forbraíonn beirt muinín agus tiomantas fadtéarmach dá chéile i gcaidreamh. Tógann siad todhchaí le chéile agus seans go mbeidh páistí acu. Is féidir leis seo bheith mar chuidiú le freagracht a fhorbairt agus le forbairt mar dhuine.
- trí phósadh mothaíonn duine níos sábháilte agus níos féinmhuiníní mar go dtuigeann siad go bhfuil cion agus grá ag a pháirtí air mar atá sé.
- is minic a bhreathnaítear ar phósadh mar chomhpháirtíocht speisialta ina bhfuil gean ag an bheirt dá chéile agus ina dtacaíonn siad lena chéile. Tá seo an-tábhachtach go háirithe nuair a éiríonn an saol crua do dhuine amháin mar shampla tinneas, méala, dífhostaíocht srl má tá sé ábalta fadhbanna a chomhroinnt trí labhairt le duine a éistfidh leis is féidir leis seo cuidiú lena bhuarthaí/strus a shárú agus dianseasmhacht a fhorbairt.
- is dócha go mbeidh amanna ann i bpósadh nuair a bhíonn easaontas nó argóint idir páirtithe. Beidh orthu teacht ar bhealaí le déileáil leis seo, a bhfadhbanna a chíoradh, na difríochtaí eatarthu a réiteach agus foghlaim le teacht ar chomhréiteach.
- is féidir go dtiocfadh athrú ar chaidreamh i bpósadh. Is féidir go gcríochnóidh duine suas i gcaidreamh achrannach nó mí-úsáide. Is féidir go dtabharfaidh páirtí amháin drochíde mheabhrach nó fhisiceach don pháirtí eile. Is féidir leis seo dul i bhfeidhm go mór ar shláinte agus ar fholláine an pháirtí atá á mhí-úsáid a fhágfaidh go mbeidh muinín íseal, easpa féinmheasa agus fadhbanna meabhairshláinte aige/aici.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir tionchar a bheith ag pósadh ar fhorbairt duine.

(2 × [2]) [4]

(b) Cuir síos ar **dhá** bhealach ar féidir le duine óg uaigneas a bhainistiú. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- d'fhéadfadh duine óg iarracht a dhéanamh bualadh le daoine nua ar scoil nó san ionad oibre agus dul chun cainte leo agus iarracht a dhéanamh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ag an tsos nó ag am lóin. Trí aithne níos fearr a chur ar dhaoine is féidir cairdeas a fhorbairt.
- deiseanna a chruthú le saol sóisialta a fhorbairt taobh amuigh den scoil nó den obair. Tabhairt faoi chaitheamh aimsire/spórt nua/clárú le club taobh amuigh den scoil/obair. Trí bheith le grúpa daoine is féidir go smaoineoidh sé ar dhaoine eile seachas bheith ag fócasú ar bheith leis féin. Is féidir go maolóidh seo ar a uaigneas.
- ba cheart do dhuine óg féinmhachnamh a dhéanamh agus iarracht a dhéanamh fáth a uaignis a thuiscint. Cuideoidh seo leo fáthanna a uaignis a aimsiú. Is féidir leis beart a dhéanamh leis an chás a fheabhsú.
- is féidir go ndéanfaidh duine óg iarracht a dhearcadh ar an tsaol a athrú. D'fhéadfadh sé machnamh ar an dóigh a mbreathnaíonn daoine eile air, na pointí dearfacha faoi féin agus foghlaim le bheith níos muiníní agus níos compordaí leis féin. Is féidir go mothóidh sé nach bhfuil a uaigneas chomh tábhachtach dá bharr.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le duine óg uaigneas a bhainistiú

(2 × [2]) [4] 8

MARCANNA AR FÁIL

Foinse A: Daoine óga agus úsáid an líonraithe shóisialta

Bíonn meáin shóisialta amhail *Twitter*, *Instagram* agus *Facebook* in úsáid ag a lán daoine óga anois le cumarsáid a dhéanamh lena gcairde agus lena dteaghlach. De réir NSPCC tá próifíl mheáin shóisialta ag seachtar as gach deichniúr duine idir 10 go 15 bliana d'aois.

I gcás cuid mhaith daoine óga is rud dearfach dóibh é na meáin shóisialta a úsáid. Ach, de réir *NSPCC*:

- chuir rud éigin ar láithreán líonraithe shóisialta isteach ar pháiste amháin as gach ceathrar; agus
- bhí os cionn 11,000 seisiún comhairleoireachta le daoine óga a labhair le *Childline* faoi shaincheisteanna ar líne (2015).

Is féidir fosta go gcaitheann daoine óga barraíocht ama ar na meáin shóisialta. Seo thíos cuid de na rioscaí as na meáin shóisialta a úsáid: cumarsáid a dhéanamh le daoine nach bhfuil aithne agat orthu, saincheisteanna meabhairshláinte, bradaíl aitheantais agus cibearbhulaíocht.

Foinse: NSPCC

Léigh an fhaisnéis i bhFoinse A go cúramach le cuid (a) den cheist thíos a fhreagairt.

5 (a) An fhaisnéis san fhoinse agus do chuid eolais féin in úsáid agat déan anailís ar an tionchar dhiúltach a d'fhéadfaí a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga (CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh ceann ar bith de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- chuaigh na meáin shóisialta i bhfeidhm go diúltach ar pháiste amháin as gach ceathrar. Fadhb amháin is ea gur féidir go bhfuil duine óg i mbun cumarsáide le coimhthíoch. Is féidir nach ionann na daoine ar líne agus a dtuairisc. Tá an baol ann go gcasfar foghlaithe gnéis air a dhéanfadh iarracht coinne a dhéanamh leis an duine óg.
- bhí ar chuid mhór páistí freastal ar sheisiúin chomhairleoireachta mar gheall ar a n-eispéireas ar líne. Is féidir go gcaithfidh daoine óga cuid mhór ama ar láithreáin líonrú sóisialta. Éiríonn siad tugtha do chumarsáid ar líne seachas am a chaitheamh i mbun caidrimh le cairde nó ag baint sult as spóirt a imirt srl. D'fhéadfadh fadhbanna meabhairshláinte, mar shampla dúlagar, tarlú dá bharr.
- is féidir go ngoidfí aitheantas pearsanta ar líne an duine óig. Is féidir go gcuirfidh an duine in iúl gurb eisean an duine óg sin agus é i mbun cumarsáide le daoine eile ar líne. D'fhéadfadh seo dochar a dhéanamh do chlú an duine óig.

- is féidir go ndéanfar cibearbhulaíocht ar dhuine óg. Is féidir go bpostálfaidh úsáideoirí eile na meáin shóisialta tráchtanna maslacha, mailíseacha nó bagracha ar líne. Is féidir go mothóidh duine óg scanraithe dá bharr, is féidir nach mbeidh a fhios aige cad é le déanamh nó cé le dul chun cainte leis. Is féidir dúlagar nó féinmharú tarlú dá bharr.
- is féidir go bpostálfaidh duine óg faisnéis faoi féin ar láithreáin mheáin shóisialta le comhroinnt lena chairde den chuid is mó. Ach, is minic a úsáideann daoine eile na láithreáin seo lena n-áirítear fostóirí ionchais le tuairim a fháil ar an chineál duine é. Is féidir go mbeidh tionchar aige seo ar dheiseanna fostaíochta amach sna blianta.
- má bhíonn meáin shóisialta in úsáid de shíor ag duine óg le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile is féidir go mbeidh sé níos deacra aige idirghníomhú le daoine eile i gcásanna aghaidh le haghaidh. Tá scileanna sóisialta tábhachtacha caillte aige mar gheall ar an am a chaith siad ar líne.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagra nach fiú creidiúint é

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Imprisean ginearálta – anailís bhunúsach
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar an tionchar dhiúltach a d'fhéadfaí a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga
- Anailís: sainaithníonn sé pointe ábhartha amháin ar a laghad ón fhoinse agus is féidir go dtugann sé léirmhíniú bunúsach ar an tionchar dhiúltach a d'fhéadfaí a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Imprisean ginearálta– anailís inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar an tionchar dhiúltach a d'fhéadfaí a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Anailís: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ón fhoinse agus déanann sé, mar is cuí, anailís measartha mion ar an tionchar dhiúltach a d'fhéadfaí a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Imprisean ginearálta– anailís an-inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar an tionchar dhiúltach a d'fhéadfaí a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Anailís: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ón fhoinse agus déanann sé mionanailís éifeachtach ar an tionchar dhiúltach a d'fhéadfaí a bheith ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga

MARCANNA AR FÁIL

- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

MARCANNA AR FÁIL

[6]

Úsáideann bunús na ndaoine óga na meáin shóisialta le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.

(b) Pléigh na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid. (CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh **ceann ar bith** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir le daoine óga tairbhe a bhaint as na meáin shóisialta a úsáid mar go gcuireann siad ar a gcumas cairdeas a dhéanamh agus a chothú amhail teagmháil a choinneáil trí *Facetime* nó *Skype* le cairde agus le gaolta a chónaíonn i bhfad ar shiúl.
- is féidir le daoine óga na meáin shóisialta a úsáid le cuidiú leo teacht ar chairde nó gaolta nach raibh siad i dteagmháil leo le fada. Tairbhe amháin ná gur féidir leo naisc a athbhunú le daoine a raibh aithne acu orthu san am atá caite ón scoil, obair, saoire nó ó thír eile a chuidíonn leo an caidreamh a fhorbairt nó a bhunú arís.
- cuireann meáin shóisialta raon fóram ar fáil. Tairbhe amháin as seo ná gur féidir le daoine óga fóram a roghnú a oireann dá suimeanna. Nascann siad le cairde agus is féidir leo bualadh le daoine nua a bhfuil an t-ábhar suime céanna acu agus smaointe a chomhroinnt.
- má úsáideann daoine óga na meáin shóisialta is féidir leis seo a smaointeoireacht a leathnú agus a dtuiscint ar dhaoine ó chultúir dhifriúla a fhorbairt. Is féidir leo foghlaim faoi chleachtais agus ócáidí cultúrtha eile.
- tairbhe amháin as na meáin shóisialta ná gur féidir leo freagracht aonair agus shóisialta a spreagadh. Is féidir le daoine óga béasaíocht na meán sóisialta a fhoghlaim agus an dóigh leis na meáin shóisialta a úsáid taobh istigh de na treoirlínte. Foghlaimíonn siad faoi fhreagracht a ghlacadh as an méid a chuireann siad in iúl.
- is féidir leis na meáin shóisialta bheith ina dtairbhe ag daoine óga trí spás agus guth pearsanta a thabhairt dóibh. Ar an dóigh seo is féidir leis an duine é féin a chur in iúl agus mothú gur cuid de rud éigin é, m.sh. ar *Facebook* ag léiriú tuairimí ar íomhánna daoine eile.
- trí na meáin shóisialta a úsáid is féidir go rachaidh seo chun sochair dó le scileanna a fhorbairt amhail scileanna TF/digiteach agus cumarsáid, m.sh. próiseáil focal, íomhánna a uaslódáil agus blagáil/scríobh.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint é

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Imprisean ginearálta: plé bunúsach

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Plé: déanann sé tagairt do phointe ábhartha amháin ar a laghad agus is féidir go dtugann sé sonraí teoranta faoi na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([3] – [4])
Imprisean ginearálta: plé inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Plé: déanann sé tagairt do dhá phointe ábhartha ar a laghad agus déanann sé plé measartha ar na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([5] – [6])
Imprisean ginearálta: plé an-inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Plé: déanann sé tagairt do dhá phointe ábhartha ar a laghad agus déanann sé plé cuimsitheach ar na tairbhí do dhaoine óga as na meáin shóisialta a úsáid
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

[6] 12

MARCANNA AR FÁIL

Rachaidh na heispéiris den tsaol atá ag duine óg i bhfeidhm ar a fhorbairt phearsanta.

6 Déan luacháil ar an tionchar atá ar dhuine óg as dul ar ollscoil.
(CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh ceann **ar bith** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- tá deis ag duine óg nach raibh acu riamh roimhe dul ar fhoirne, isteach i gclubanna agus cumainn. Beidh suimeanna nua aige agus cuirfidh sé lena thaithí a chuideoidh leis forbairt mar dhuine aonair.
- nuair a théann sé ar ollscoil seans gur seo an chéad uair riamh a d'fhág mac léinn a bhaile le cónaí i gcóiríocht do mhic léinn. Is deis agus is bealach úsáideach é dó bheith neamhspleách agus féinmhuinín a chothú.
- foghlaimeoidh duine óg an dóigh le maireachtáil de réir a bhuiséid agus a chaiteachas a bhainistiú. Is eispéireas úsáideach é seo a ullmhóidh é faoi choinne buiséadú nuair a thuilleann sé tuarastal agus nuair atá ceangail air.
- is deis é speisialú a dhéanamh agus staidéar a dhéanamh ar chúrsa a bhfuil spéis aige ann agus le céim a bhaint amach a chuirfidh lena sheansanna post a fháil sa todhchaí.

MARCANNA AR FÁIL

- má théann tú ar ollscoil is deis é caidreamh a dhéanamh le daoine nua agus cairdeas nua a bhunú agus le measc adh le daoine ó chúlraí difriúla agus le foghlaim faoi thraidisiúin agus gnásanna eile.
- nuair a théann an duine óg ar ollscoil foghlaimeoidh sé níos mó faoi dtaobh dó féin de réir mar a thagann dúshláin éagsúla roimhe, cuireann seo lena fhorbairt phearsanta.
- is féidir go mbainfidh duine óg sult as saol sóisialta na hollscoile agus barraíocht ama a chaitheamh i mbun cóisireachta agus ag ól alcóil agus gan go leor ama a chaitheamh ar a chuid staidéar agus is féidir leis seo dul i gcion ar a thorthaí scrúdaithe.
- is féidir go mbeidh duine óg faoi bhrú le hobair/tascanna a chomhlánú nó le staidéar a dhéanamh do scrúduithe agus cloí le sprioc-amanna. Dá bharr seo is féidir go mbeidh oícheanta malla/easpa codlata/athrú ar phatrúin chodlata aige agus is féidir dá bharr go mothóidh sé faoi strus. Is féidir leis seo tionchar diúltach a bheith aige ar a fhorbairt phearsanta.
- má bhog sé óna bhaile chuig cóiríocht do mhic léinn is féidir go mbeidh sé deacair aige dul i dtaithí ar chónaí le daoine eile nach bhfuil aithne mhaith aige orthu, a bhéilí féin a chócaráil agus a níochán féin a dhéanamh. Is féidir go mothódh sé faoi strus dá bharr seo.
- is féidir go mbeidh duine óg ag obair go páirtaimseartha le cur lena iasacht mac léinn. Is féidir go mbeidh sé deacair air freastal air seo agus ar a staidéir agus a shaol sóisialta. Is féidir leis seo tionchar diúltach a bheith aige ar a fheidhmíocht i scrúduithe agus i dtascanna.
- is féidir go mbeidh sé deacair ar dhuine óg maireachtáil ar a iasacht mac léinn. Is féidir nach mbeidh go leor airgid aige lena bhillí a íoc amhail teas, leictreachas agus bia. Is féidir go gcuirfeadh seo isteach ar a chuid staidéar.
- gheobhaidh an mhórchuid de mhic léinn iasachtaí le híoc as a gcúrsa agus a gcóiríocht. Tá fiacha á gcarnadh acu a bheidh le híoc ar ais acu don rialtas ag pointe éigin ina saol oibre. Is féidir go mbeidh tionchar aige seo ar a gcás airgeadais sa todhchaí.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint é

Leibhéal 1 ([1]–[4])
Imprisean ginearálta: luacháil bhunúsach

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar an tionchar atá ar dhuine óg as dul ar ollscoil
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar phointe ábhartha amháin ar a laghad ar an tionchar atá ag dul ar ollscoil ar dhuine óg
- Conclúid: is féidir go mbeidh sé ar iarraidh nó neamhimleor i dtaca le duine óg ag dul ar ollscoil
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([5]–[7])
Imprisean ginearálta: luacháil inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar dhuine óg ag dul ar ollscoil
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ar an tionchar atá ar dhuine óg as dul ar ollscoil
- Conclúid: tagann sé ar chonclúid ábhartha a bhaineann lena luacháil ar an tionchar atá ag dul ar ollscoil ar dhuine óg
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([8]–[10])
Imprisean ginearálta: plé an-inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar an tionchar atá ag dul ar ollscoil ar dhuine óg agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht mionsonraithe ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ar an tionchar atá ag dul ar ollscoil ar dhuine óg
- Conclúid: tagann sé ar chonclúid mhionsonraithe a bhaineann lena luacháil ar an tionchar atá ag dul ar ollscoil ar dhuine óg
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

		MARCANNA AR FÁIL
	[10]	10
Iomlán		**60**

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2018

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Aonad 3

Infhostaitheacht

[CÓD]

SAMPLA

SCÉIM MHARCÁLA

1 **(a)** Ainmnigh dlí a chinntíonn comhionannas san ionad oibre. (CM1)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- An tAcht Comhionannais 2010
- An tAcht in Aghaidh Idirdhealú ar Bhonn Míchumais 1995
- An tOrdú in Aghaidh Idirdhealú ar Bhonn Míchumais 2006
- An tOrdú um Chaidreamh idir Ciníocha 1997
- An tAcht um Thuaisceart Éireann 1998
- An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1976

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile.

(1 × [1]) [1]

(b) Scríobh síos fáth **amháin** a ndéanfaí leithcheal ar dhuine san ionad oibre. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- cine
- reiligiún
- aois
- gnéas
- míchumas
- gnéaschlaonadh

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(c) Cuir síos ar bhealach **amháin** ar féidir le fostóir a chinntiú go gcaitear go cothrom le fostaithe. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- conradh fostaíochta a sholáthar. Seo comhaontú idir an fostóir agus an fostaí. Leagann sé amach cearta agus freagrachtaí an fhostaí.
- ní mór d'fhostóirí cloí le dlíthe comhionannais. Tá seo mar chuidiú lena chinntiú go gcaitear go cothrom le fostaithe agus nach ndéantar leithcheal orthu san ionad oibre.
- a chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta in áit a ligeann d'fhostaithe leithcheal a thuairisciú.
- a chinntiú go gcaitear le gach fostaí ar bhonn cothrom mar shampla, trína chinntiú go n-íoctar pá comhionann ar obair chomhionann.
- comhionannas deise a chinntiú ionas go bhfuil na deiseanna céanna ag gach fostaí i dtaca le hoiliúint agus ardú céime.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

MARCANNA AR FÁIL

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le fostóir a chinntiú go gcaitear le fostaithe ar bhonn cothrom

(1 × [2]) [2]

(d) Mínigh fáth **amháin** a rachadh fostaí isteach i gceardchumann. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- má bhíonn fostaithe i gceardchumann tugann seo cosaint dóibh ar leithcheal san ionad oibre. Is féidir le ceardchumainn oibriú le fostóirí lena chinntiú go gcloíonn siad le dlíthe fostaíochta agus comhionannais.
- is féidir le fostaithe leas a bhaint as scéimeanna sochair a tháirgeann ceardchumainn, m.sh. árachas cairr laghdaithe
- is féidir leis an cheardchumann idirbheartaíocht agus comhaontú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha ar son fostaí.
- má tá deacracht idir an fostóir/bainistíocht agus an fostaí, déanann an ceardchumann ionadaíocht ar son leasanna an fhostaí. Is féidir leis an fhostaí iarraidh ar ionadaí ceardchumainn tacú leo ag cainteanna/cruinnithe.
- is féidir le fostaí iarraidh ar an cheardchumann líomhaintí i dtaca le déileáil neamhchothrom a fhiosrú. Gach seans go ndéileálfaidh an fostóir leis na líomhaintí ar bhonn níos tromchúisí.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir d'fháth **amháin** a rachadh fostaí isteach i gceardchumann

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** thairbhe do dhuine óg as pleanáil ghairme phearsanta. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- tugann sé fócas do dhaoine óga i dtaca lena saol atá rompu. Spreagann sé féinmhachnamh. Is féidir le daoine óga machnamh ar a scileanna agus ar a n-ábaltachtaí agus réimsí atá le feabhsú a shainaithint mar ullmhúchán do roghanna gairme féideartha.
- is féidir le pleanáil ghairme phearsanta cuidiú le daoine óga an tábhacht dóibh a aithint as roghanna 'cearta' a dhéanamh. Is féidir léi cuidiú leo freagracht a ghlacadh as cinntí eolasacha a dhéanamh agus torthaí a gcinntí a thuiscint.

- spreagann sí daoine óga lena dtaighde féin a dhéanamh ar ghairmeacha a bhfuil suim acu iontu. Is féidir leo taighde a dhéanamh ar roghanna gairme féideartha agus cúrsaí/cáilíochtaí a roghnú is fearr a oireann dá roghanna gairme.
- is féidir le pleanáil ghairme phearsanta daoine óga a spreagadh lena spriocanna a bhaint amach. I ndiaidh dóibh machnamh/ roghnú a dhéanamh ar a ngairmeacha féideartha agus a riachtanais iontrála is féidir go mbeidh siad níos dícheallaí ina gcuid oibre leo siúd a bhaint amach.
- trí phleanáil ghairme phearsanta tá daoine óga ag tabhairt faoi phróiseas foghlama fad saoil. Tugann seo taithí agus scileanna luachmhara dóibh a bheidh á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm acu i rith a saoil.

MARCANNA AR FÁIL

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráitis bhunúsacha
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do thairbhe **amháin** do dhuine óg as pleanáil ghairme phearsanta.

(2 × [2]) [4] 10

2 **(a)** Scríobh saincheist timpeallachta **amháin** san ionad oibre. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- an t-athrú aeráide/astaíochtaí CO_2
- dramhaíl
- éifeachtúlacht fuinnimh
- truailliú
- úsáid uisce

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(b) Ainmnigh iarmhairt **amháin** a bheidh ann mura gcomhlíonann fostaí a bhfreagrachtaí san ionad oibre. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- rabhadh béil
- cruinniú le fostóir
- rabhadh scríofa
- athoiliúint
- dífhostú

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(c) Mínigh bealach **amháin** ar féidir le fostóir caidreamh oibre dearfach a fhorbairt lena fhostaithe. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir leis an fhostóir a chinntiú go gcuireann beartais agus cleachtas timpeallacht agus cultúr oibre dearfach chun tosaigh. Cuideoidh seo le fostaithe agus le fostóirí meas a bheith acu ar a chéile agus dea-chaidreamh a thógáil.
- is féidir leis an fhostóir comhionannas, ilchineálacht agus cuimsiú a chur chun cinn san ionad oibre lena chinntiú go mothaíonn gach duine go bhfuil meas ag an fhostóir orthu agus go gcaitheann sé leo uilig ar bhonn cothrom.
- is féidir leis an fhostóir oiliúint foirne agus deiseanna forbartha a sholáthar. Ar an dóigh seo mothóidh fostaithe go bhfuil meas orthu agus go mbeidh siad níos muiníní ina ról poist.
- is féidir leis an fhostóir deiseanna a sholáthar le dea-chleachtas a chomhroinnt. Tugann seo deis d'fhostaithe bualadh le fostaithe agus le fostóirí eile agus lena dtuiscint ar a chéile a fhorbairt.
- deiseanna a sholáthar do chomhimeachtaí fostóra/fostaí amhail obair dheonach phobail agus gníomhaíochtaí tógála foirne. Cuidíonn sé seo le dea-chaidreamh oibre a chothú.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le fostóir caidreamh oibre dearfach a fhorbairt le tagairt shoiléir dá fhostaithe

(1 × [2]) [2]

(d) Cuir síos ar bhealach **amháin** a dtiocfadh le fostaí déileáil le strus atá bainteach le hobair. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- pleanáil níos éifeachtúla a dhéanamh ar a ualach oibre ionas go mbeidh níos mó ama aige leis an obair a chríochnú agus nach mothóidh sé faoi strus.
- labhairt lena fhostóir, insint dó an dóigh a mothaíonn sé agus iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach a chuideodh leis an strus a mhothaíonn sé a laghdú.
- comhairle a lorg ó ghníomhaireachtaí/comhairleoirí seachtracha ar bhealaí le strus a laghdú.
- comhairle leighis a lorg óna DG agus sos a ghlacadh b'fhéidir ón obair mar gheall ar strus.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le fostaí déileáil le strus a bhaineann le hobair

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le gnólacht freagracht shóisialta a thaispeáint. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- thiocfadh le gnólacht freagracht shóisialta a thaispeáint trí thacú leis an phobal déileáil le saincheisteanna timpeallachta áitiúla. Thiocfadh leis am a thairiscint d'fhostaithe le hobair dheonach a dhéanamh sa phobal le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo agus an timpeallacht áitiúil a fheabhsú.
- thiocfadh le gnólacht scéimeanna dearbháin a thairiscint, m.sh. ríomhairí do scoileanna, nó acmhainní eile a sholáthar do scoileanna. Is féidir nach mbeidh an t-airgead ag scoileanna do na hacmhainní seo. Bheadh an gnólacht ag tacú le hoideachas daoine óga sa phobal áitiúil.
- thiocfadh leis tacú le foirne spóirt áitiúla trí urraíocht a thabhairt dóibh agus trí threalamh spóirt a sholáthar. Bheadh an gnólacht ag tacú leis an phobal áitiúil trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine cumasacha sa phobal áitiúil.
- thiocfadh le gnólacht deiseanna taithí oibre a sholáthar do dhaltaí scoile sinsearacha mar chuid dá gclár oideachais faoi ghairmeacha. Bheadh an gnólacht ag tacú le daltaí lena scileanna infhostaitheachta a fhorbairt agus lena CV a fheabhsú.
- d'fhéadfadh gnólacht freagracht shóisialta a thaispeáint trí chláir scoláireachta oideachais a thairiscint do dhaoine óga. Chuideodh seo le daoine óga a bhfuil airgead mar an príomhbhac rompu chuig ardoideachas/breisoideachas. D'fhéadfadh seo tionchar a imirt ar a roghanna gairme sa todhchaí.
- d'fhéadfadh sé foireann le taithí a sholáthar le páirt a ghlacadh i laethanta gairme i scoileanna agus in agallaimh bhréige do dhaltaí. Bheadh an gnólacht ag roinnt a thaithí le múinteoirí agus le daoine óga agus ag cuidiú leo tuiscint a fháil ar infhostaitheacht.
- thiocfadh le gnólacht freagracht shóisialta a thaispeáint trí earraí agus seirbhísí áitiúla a chur chun cinn. Chuideodh seo le gnólachtaí eile sa phobal trí dhaoine a spreagadh ceannach go háitiúil. Thacódh seo leis an gheilleagar áitiúil agus chuideodh sé maidir le poist a fháil.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le gnólacht freagracht shóisialta a thaispeáint.

(2 × [2]) [4] 10

3 **(a)** Ainmnigh scil **amháin** a bheadh úsáideach san ionad oibre. (CM1)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann amháin de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- cumarsáid
- TFC
- ag obair le daoine eile
- uimhearthacht
- féinbhainistiú
- fadhbréiteach

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 × [1]) [1]

(b) Ainmnigh bua **amháin** a bheadh úsáideach san ionad oibre. (CM1)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- iontaofacht
- macántacht
- iontaofacht/ionracas

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

(1 x [1]) [1]

(c) Cuir síos ar fháth **amháin** a bhfuil sé tábhachtach ullmhú d'agallamh le haghaidh poist. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- mothóidh tú níos muiníní. Mar gheall air seo mothóidh tú go bhfuil níos mó smachta agat le linn an agallaimh.
- beidh tú eolach ar cad é a dhéanann an comhlacht, cad é atá i gceist leis an phost agus beidh tú ullmhaithe níos fearr le ceisteanna a fhreagairt agus a chur.
- beidh tú in ann a léiriú cén fáth ar iarrthóir maith don phost thú trí bheith ábalta labhairt faoi do thaithí agus cén fáth ar iarrthóir oiriúnach thú.
- má tá taighde déanta agat ar an phost beidh tú in ann a léiriú cén dóigh a oireann do chuid eolais, do scileanna agus do cháilíochtaí don tsainchuntas poist.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] cur síos cruinn le tagairt shoiléir d'fháth **amháin** a bhfuil sé tábhachtach ullmhú d'agallamh le haghaidh poist.

(1 × [2]) [2]

(d) Mínigh bealach **amháin** a ndéanfadh fostóir measúnú ar oiriúnacht iarrthóra le haghaidh poist. (CM1, CM2)

MARCANNA AR FÁIL

Is féidir go mbeidh ceann **amháin** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- curriculum vitae – is féidir le fostóir oiriúnacht iarrthóra don phost a mheas bunaithe ar a cháilíochtaí agus a thaithí.
- foirm iarratais – is féidir le fostóir cumas an iarrthóra í seo a chomhlánú go cruinn agus a oiriúnacht don phost a mheas bunaithe ar a fhreagraí.
- agallamh – beidh an fostóir in ann ceisteanna a chur agus oiriúnacht an iarrthóra don phost a mheas bunaithe ar a fhreagairtí.
- tasc a leagan amach atá le déanamh – d'fhéadfadh an fostóir raon eolas agus scileanna an iarrthóra a mheas agus breithiúnas a dhéanamh faoina fheabhas a oireann sé do riachtanais an phoist.
- triail inniúlachta a chur – cuireann seo scór caighdeánaithe faoi choinne fheidhmíocht an iarrthóra ar fáil don fhostóir agus é seo a chur i gcomparáid le feidhmíocht daoine eile.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** a ndéanfadh fostóir measúnú ar oiriúnacht iarrthóra le haghaidh poist.

(1 × [2]) [2]

(e) Mínigh **dhá** bhuntáiste as bheith féinfhostaithe. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- buntáiste amháin as bheith féinfhostaithe ná go gcuireann sé ar chumas daoine freagracht iomlán a ghlacadh as gach cinneadh a dhéanamh a rachadh i bhfeidhm ar a ngnó. Ní gá dóibh dul i gcomhairle le daoine eile. Is féidir am a shábháil ar an dóigh seo, a fhágann gur féidir leo fócasú ar phríomhghníomhaíochtaí an ghnó.
- tá an tsaoirse ag daoine féinfhostaithe cinneadh a dhéanamh ar na huaireanta a oibríonn siad agus ar an tsaoire/na laethanta saoire a ghlacann siad. Mar gheall air seo bíonn níos mó solúbthachta acu i dtaca le ham oibre. Is féidir leo freagairt go gasta d'athruithe sa mhargadh dá dtáirge/seirbhís.
- is féidir go mbeidh cothromaíocht mhaith oibre/saoil ag duine atá féinfhostaithe Tá an tsolúbthacht ag duine féinfhostaithe uaireanta oibre a roghnú a oireann dá stíl mhaireachtála. Is féidir go mbeidh ceangail teaghlaigh nó eile acu is féidir leo a chur in ord tosaíochta.
- tá an tsaoirse ag daoine féinfhostaithe an cineál tionscadail/oibre a dhéanann siad agus na comhlachtaí a n-oibreoidh siad leo a roghnú. Is féidir leo oibriú ar thionscadail a bhfuil spéis acu iontu. Is féidir leo socrú go n-oibreoidh siad le comhlachtaí a bhfuil na luachanna/smaointe céanna acu.

- is le daoine féinfhostaithe an brabús iomlán ón ghnó agus is féidir leo cinneadh a dhéanamh ar an dóigh lena úsáid. Tugann seo spreagadh dóibh oibriú ar bhonn éifeachtúlacht costais. Más mian leo a mbrabúis a mhéadú is féidir leo socrú go n-oibreoidh siad níos mó uaireanta an chloig. Is féidir go ndéanfaidh siad cuid dá mbrabúis a infheistiú sa ghnó lena chinntiú go gcruthóidh sé go maith sa todhchaí.
- is féidir go mbainfidh daoine féinfhostaithe sásamh as a bpost agus mórtas as a spriocanna gnó a bhaint amach. Is féidir nach mothódh siad chomh héachtach céanna dá mbeadh siad ag obair mar fhostaí do dhuine eile.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhuntáiste **amháin** as bheith féinfhostaithe

(2 × [2]) [4] 10

MARCANNA AR FÁIL

4 (a) Mínigh **dhá** bhealach ar féidir le fostóir a chinntiú go gcoinnítear scileanna fostaí suas chun dáta. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is féidir leis an fhostóir oiliúint ar an láthair oibre a thairiscint ar fhorbairtí a bhfuil tionchar acu ar a ról. D'fhéadfadh seo bheith mar chuid de chlár oiliúna lena chinntiú gur féidir le fostaithe scileanna cuí a fhorbairt a oireann do riachtanais an phoist atá ag athrú.
- is féidir leis an fhostóir tacú le scéimeanna forbartha gairme fostaí. Is féidir go mbeidh freastal ar chúrsaí taobh amuigh den ionad oibre a bheith i gceist leis seo. Is féidir le fostaithe scileanna agus foghlaim nua a fhorbairt is féidir leo a úsáid ina gcuid oibre.
- is féidir leis an fhostóir deiseanna meantóireachta agus cóitseála a sholáthar d'fhostaithe. Tacaíonn oiliúint den chineál seo le fostaithe le foghlaim ó chomhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu. Is féidir í a chur in oiriúint le riar ar riachtanais aonair fostaithe.
- thiocfadh leo cúrsaí oiliúna idirghníomhacha ar líne a sholáthar a dhíríonn ar scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. D'fhéadfaí na cúrsaí seo a uasdátú go rialta le riar ar riachtanais a bhfostaithe agus a ngnó agus thacódh siad le fostaithe lena scileanna a uasdátú.
- tugann soláthar oiliúna taobh amuigh den ionad oibre deis fosta d'fhostaithe líonrú agus bualadh le fostaithe ó ghnólachtaí eile. Spreagann seo comhroinnt cleachtais agus cuidíonn sé le fostaithe a scileanna poist a choinneáil suas chun dáta.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do bhealach **amháin** ar féidir le fostóir a chinntiú go gcoinnítear scileanna fostaí suas chun dáta

(2 × [2]) [4]

MARCANNA AR FÁIL

(b) Mínigh **dhá** thairbhe a bhaineann le Conradh Fostaíochta. (CM1, CM2)

Is féidir go mbeidh **dhá** cheann de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- is cáipéis dlí é an Conradh Fostaíochta. Leagann sé amach na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta. Seo comhaontú idir an fostóir agus an fostaí. Tá sé tábhachtach mar is féidir é a úsáid le haighnis idir an fostóir agus an fostaí a réiteach. Leagann sé amach tuarastail/pánna ionas go mbeidh a fhios ag an fhostaí cá mhéad a íocfar leis gach mí. Téann seo chun sochair don fhostaí agus don fhostóir. Tugann sé an ceart don fhostaí go n-íocfar gach mí é. Cuireann sé ar chumas fostaithe buiséadú dá réir a dhéanamh.
- leagann an Conradh Fostaíochta amach coinníollacha fostaíochta lena n-áirítear freagrachtaí fostaithe. Téann seo chun sochair don fhostóir mar go gcuireann sé ar chumas an fhostóra beart a dhéanamh i gcoinne fostaithe a sháraíonn an conradh.
- tá na téarmaí fostaíochta ann (dáta tosaithe/fad an chonartha). Tugann seo cosaint d'fhostaithe ar a scaoileadh ón phost roimh dheireadh na tréimhse a ndearnadh conradh ina leith. Tugann seo cinnteacht phoist don fhostaí, agus tá a fhios ag an fhostóir lena linn go bhfuil lucht saothair faoi chonradh aige.
- luann an Conradh Fostaíochta na huaireanta oibre ionchais d'fhostaithe. Tugann seo cosaint d'fhostaithe ar a ndúshaothrú agus ar obair a dhéanamh b'fhéidir gan íocaíocht ar a son.
- luann sé teidlíochtaí fostaí i dtaca le saoire. Ar an dóigh seo tuigfidh an fostaí na teidlíochtaí atá aige i dtaca le tinneas, laethanta saoire, saoire atruach agus saoire mháithreachais. Cuirfidh seo ar a chumas pleanáil chun tosaigh más féidir.
- luann an Conradh Fostaíochta chomh maith freagrachtaí fostaí agus fostóra lena chinntiú go gcloítear le rialacha sláinte agus sábháilteachta. Tá seo tábhachtach mar go dtugann sé cosaint do shláinte agus do shábháilteacht an dá pháirtí.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

MARCANNA AR FÁIL

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í
[1] ráiteas bunúsach
[2] míniú cruinn le tagairt shoiléir do thairbhe **amháin** a bhaineann le Conradh Fostaíochta

(2 × [2]) [4] 8

Foinse A

Foinse A: Easpaí Scileanna i nGnólachtaí Thuaisceart Éireann

I dTuaisceart Éireann, fógraítear 1000 post ar an mheán gach seachtain dá mbíonn sé deacair ag gnólachtaí a líonadh. Tá sé deacair ag mórán gnólachtaí domhanda TF agus airgeadais poist a líonadh a éilíonn scileanna a fhorbraíodh in ábhair amhail Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) (*STEM*).

Éilíonn gnólachtaí go mbeadh saineolas agus sainoiliúint ag fostaithe le saintascanna a chomhlánú. In éagmais na speisialtóirí seo, bíonn ar ghnólachtaí táirgeadh a sheachfhoinsiú, ní bhíonn siad in ann orduithe a chomhlánú in am agus bíonn sé deacair orthu dul in iomaíocht le gnólachtaí eile.

Foinse: CCEA

5 Léigh an fhaisnéis i bhFoinse A go cúramach le cuid (a) den cheist thíos a fhreagairt.

(a) An fhaisnéis san fhoinse agus do chuid eolais in úsáid agat déan anailís ar na héifeachtaí ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann as easpaí scileanna ETIM. (CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh ceann **ar bith** de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- fógraítear 1000 post ar an mheán gach seachtain dá mbíonn sé deacair ag gnólachtaí a líonadh. Ní líontar na poist seo cionn is go bhfuil easpa daoine ann a bhfuil an taithí chuí agus na cáilíochtaí cuí acu leis na sainscileanna atá de dhíth faoi choinne poist i seirbhísí TF agus airgeadais.
- éilíonn gnólachtaí go mbeadh saineolas agus sainoiliúint ag fostaithe le saintascanna a dhéanamh. Is féidir go mbeidh éileamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí ach is féidir nach mbeidh gnólacht in ann riar ar an éileamh seo mar gheall ar easpa foirne le saineolas cuí.
- cailleann gnólachtaí trádáil cionn is nach féidir leo obair/ orduithe a chríochnú nó a shásamh go hiomlán mar gheall ar na heaspaí scileanna seo. Is féidir go laghdófar a mbrabúis agus a n-ionchais fáis a dhéanamh dá bharr.

MARCANNA AR FÁIL

- mar gheall ar easpaí scileanna i ngnó amhail TF agus airgeadas is féidir go mbeidh ar chomhlachtaí cuid den obair acu a sheachfhoinsiú chuig tíortha eile mar a bhfuil na scileanna ag daoine. Mar gheall air seo bíonn ar chomhlachtaí am agus airgead a infheistiú leis na suíomhanna/comhpháirtithe gnó cearta a aimsiú.
- bíonn sé deacair ag gnólachtaí dul in iomaíocht le comhlachtaí eile. Is féidir go mbeidh tionchar diúltach ag an easpa scileanna i ngnólachtaí in earnálacha áirithe den gheilleagar, lena n-áirítear gnólachtaí TF agus airgeadais, ar a dtáirgiúlacht, ní thig leo orduithe a chomhlánú agus is féidir go mbeidh orthu druidim.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint í

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Imprisean ginearálta: anailís bhunúsach
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar éifeachtaí le heaspaí scileanna ETIM ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann
- Anailís: sainaithníonn sé pointe ábhartha amháin ar a laghad ón fhoinse agus is féidir go dtugann sé léirmhíniú teoranta ar an dóigh a dtéann easpa scileanna ETIM i bhfeidhm ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Imprisean ginearálta: anailís inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar éifeachtaí le heaspaí scileanna ETIM ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Anailís: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ón fhoinse agus déanann sé anailís measartha mion ar an dóigh a dtéann easpa scileanna ETIM i bhfeidhm ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Imprisean ginearálta: anailís an-inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar éifeachtaí le heaspaí scileanna ETIM ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Anailís: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ón fhoinse agus déanann sé mionanailís éifeachtach ar an dóigh a dtéann easpa scileanna ETIM i bhfeidhm ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

[6]

(b) Cuidíonn scoileanna le daoine óga a ullmhú don fhostaíocht trí chur ar a gcumas dóibh scileanna infhostaitheachta a fhorbairt.

Pléigh an fáth a gcuirfeadh scoileanna ábhair ETIM chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí easpaí scileanna a shárú. (CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh ceann ar bith de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

MARCANNA AR FÁIL

- is féidir go gcuirfeadh scoileanna ábhair ETIM chun cinn mar go gcuireann siad ar fáil do dhaltaí scileanna den chineál atá de dhíth le haghaidh fostaíochta i ngnólachtaí atá bunaithe ar ETIM. De bhrí go bhfuil easpaí scileanna faoi láthair sna gnólachtaí seo, tá scoileanna ag cuidiú le daoine óga a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú.
- trí ábhair ETIM a chur chun cinn agus trí naisc ghairme ábhartha a dhéanamh is féidir le scoileanna feasacht daltaí a ardú maidir le raon de dheiseanna fostaíochta, cuid acu, b'fhéidir, nach mbeadh daltaí ar an eolas fúthu. Cuireann sé le roghanna gairme daltaí.
- trí ábhair ETIM a chur chun cinn tá scoileanna ag tacú le gnólachtaí agus leis an gheilleagar áitiúil. Tá siad ag cuidiú chun lucht saothair ardoilte óg a sholáthar trí chuidiú dul i ngleic le heaspaí scileanna.
- trí ábhair ETIM a chur chun cinn is féidir go bhfeabhsófar teagasc agus foghlaim sna hachair seo agus go mbeidh torthaí daltaí níos fearr ann. Is féidir go gcuideoidh seo le daltaí a scileanna sna hábhair seo a fheabhsú agus cáilíochtaí agus gráid níos fearr a bhaint amach.
- Tacaíonn ábhair atá bunaithe ar ETIM le daltaí scileanna inaistrithe a fhorbairt. Mar gheall air seo beidh ionchais fostaíochta níos fearr acu agus is féidir go mbeidh níos mó deiseanna acu ar phoist, arduithe céime breise agus tuarastail níos airde.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagra nach fiú creidiúint é

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Imprisean ginearálta: plé bunúsach

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar na bealaí a bhféadfadh scoileanna ábhair ETIM a chur chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí a n-easpaí scileanna a shárú
- Plé: déanann sé tagairt do phointe ábhartha amháin agus is féidir go dtugann sé sonraí áirithe faoi na bealaí a bhféadfadh scoileanna ábhair ETIM a chur chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí a n-easpaí scileanna a shárú
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Imprisean ginearálta: plé inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar na bealaí a bhféadfadh scoileanna ábhair ETIM a chur chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí a n-easpaí scileanna a shárú agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Plé: déanann sé tagairt do dhá phointe ábhartha ar a laghad agus déanann plé maith ar na bealaí a bhféadfadh scoileanna ábhair ETIM a chur chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí a n-easpaí scileanna a shárú
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Imprisean ginearálta: plé an-inniúil

- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar na bealaí a bhféadfadh scoileanna ábhair ETIM a chur chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí a n-easpaí scileanna a shárú agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Plé: déanann sé tagairt do dhá phointe ábhartha ar a laghad agus déanann sé plé an-mhaith ar na bealaí a bhféadfadh scoileanna ábhair ETIM a chur chun cinn a chuidíonn le gnólachtaí a n-easpaí scileanna a shárú
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

[6]

MARCANNA AR FÁIL

12

6 Mar gheall ar an domhandú tá earraí agus seirbhísí ar fáil 24 uair an chloig sa lá i dTuaisceart Éireann.

Déan luacháil ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann. (CM1, CM2, CM3)

Is féidir go mbeidh ceann ar bith de na pointí seo a leanas i bhfreagraí:

- mar gheall ar an domhandú tá níos mó deiseanna trádála ann do ghnólachtaí áitiúla. Is féidir leo cur lena ngnó trí thrádáil a dhéanamh le gnólachtaí i dtíortha eile. Is féidir leis seo a mbrabúis agus margaíocht a mbranda a fheabhsú.
- is féidir go gcuideoidh domhandú le gnólachtaí cur lena margadh. Mar gheall air seo d'fhéadfadh éileamh níos airde a bheith ar a n-earraí/seirbhísí. Is féidir go mbeidh ar ghnólachtaí tuilleadh foirne a earcú. Cuidíonn sé seo le dífhostaíocht áitiúil a laghdú.
- mar gheall ar an domhandú bíonn níos mó oibrithe ag dul ó thír go tír. Mar gheall air seo bíonn líon níos mó d'fhostaithe oilte ag fostóirí. Mar gheall air seo is féidir le gnólachtaí lucht saothair oilte a fhorbairt.
- mar gheall ar an domhandú is féidir go mbeidh níos mó iomaíochta ann do ghnólachtaí áitiúla. Spreagann seo iad le bheith nuálach ina gcuid margaíochta agus le táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt.
- is féidir le gnólacht rathúil cur go mór leis an gheilleagar áitiúil. Is féidir go ndéanfaidh siad infheistíocht i bhforbairt bhreise, go gcruthóidh siad deiseanna faoi choinne gnó eile agus go n-íocfaidh siad cánacha.
- is féidir go mbeidh ar ghnólacht áitiúil déileáil le reachtaíocht trádála agus fostaíochta a athraíonn ó thír go tír. Tógann seo am agus is féidir go mbeidh costais dhlíthiúla i gceist, a laghdódh an brabús.
- is féidir go mbeidh teangacha seachas Béarla in úsáid ag gnólachtaí i dtíortha eile mar an príomhchineál cumarsáide. Is féidir le botúin mar gheall ar mhíthuiscintí teanga bheith an-chostasach, mar shampla i dtaca le sonraíocht agus monarú táirgí.
- is féidir go mbeidh fostaithe le sainscileanna de dhíth ar ghnólachtaí. Is féidir go mbeidh ganntanas daoine leis na scileanna seo sa mhargadh fostaíochta áitiúil. Is féidir go gcuirfidh seo teorainn ar fhás féideartha.
- is féidir nach mbeidh gnólacht in ann dul in iomaíocht go héifeachtach. Is féidir go mbeidh gnólachtaí i dtíortha eile in ann a dtáirgí/seirbhísí a dhíol ar phraghas níos ísle ná an gnólacht áitiúil. Mar gheall air seo d'fhéadfadh laghdú méide, iomarcaíochtaí agus dúnadh tarlú.

- ní fada go mbíonn tionchar ag na héifeachtaí diúltacha ar an gheilleagar i dtír amháin ar thíortha eile. Is riosca é seo do ghnó áitiúil a laghdódh a n-infheistíochtaí agus a mbrabús.
- rachaidh luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra i bhfeidhm ar ghnólachtaí áitiúla atá i mbun trádála i margadh domhanda. Mar gheall air seo d'fhéadfadh costais mhéadaithe gan choinne a bheith ann don ghnólacht.

Bronnfar creidiúint ar gach freagra bailí eile

Bronntar [0] ar fhreagairt nach fiú creidiúint é

Leibhéal 1 ([1]–[4])
Imprisean ginearálta: luacháil bhunúsach
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint bhunúsach ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar phointe ábhartha amháin ar a laghad maidir le an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann
- Conclúid: is féidir go mbeidh sé ar iarraidh nó neamhimleor i dtaca leis an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach

Leibhéal 2 ([5]– [7])
Imprisean ginearálta: luacháil inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint mhaith ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann agus cuireann sé é seo i bhfeidhm ar an cheist
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann
- Conclúid: tagann sé ar chonclúid ábhartha a bhaineann lena luacháil ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa inniúil

Leibhéal 3 ([8]–[10])
Imprisean ginearálta: luacháil an-inniúil
- Léiríonn sé eolas agus tuiscint thar barr ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla agus cuireann sé é seo i bhfeidhm go héifeachtach mar fhreagairt ar an cheist
- Luacháil: sainaithníonn agus déanann sé trácht mionsonraithe ar dhá phointe ábhartha ar a laghad ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann
- Conclúid: tagann sé ar chonclúid mhionsonraithe a bhaineann lena luacháil ar an tionchar atá ag an domhandú ar ghnólachtaí áitiúla i dTuaisceart Éireann
- Tá caighdeán na cumarsáide scríofa an-inniúil

MARCANNA AR FÁIL	
[10]	10
Iomlán	**60**

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Tasc Measúnú Rialaithe

Aonad 4
(Imscrúdú)

[CÓD]

SAMPLA

TREORACHA DON TASC MEASÚNÚ RIALAITHE

Ní mór duit:

Ceann **amháin** de na trí thasc a chuirtear ar fáil a chomhlánú.
Liosta tagairtí de na foinsí ar fad a úsáideadh a chur isteach.
Cloígh leis na teorainneacha focal do gach roinn.
Cuir do shaothar i láthair i bhfillteán A4 le clúdach bog.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Tá ualú **40%** ag dul leis an aonad seo.
Is é **100** an marc iomlán don aonad seo.

Ní mór obair iarrthóirí a chur isteach **Bealtaine 2019**

Tasc Measúnú Rialaithe Samplach d'Aonad 4: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda (Meán Fómhair 2018 – Bealtaine 2019)

Anseo thíos tá an tasc measúnú rialaithe d'Aonad 4: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda. Le haghaidh sonraí maidir leis an tasc measúnú rialaithe a chomhlánú agus a mheasúnú féach lgh 21-23 agus lgh 29-33 de shonraíocht GCSE Foghlaim don tSaol agus don Obair.

Tasc Measúnú Rialaithe 1: Ní mór d'iarrthóirí Codanna A-E a chomhlánú.

Imscrúdaigh na tairbhí do dhuine óg as bheith ag obair le hEagraíocht Neamhrialtasach (ENR).

Cuid A: Pleanáil **1.** Ceisteanna taighde, modhanna taighde a mholadh agus a gcur chuige taighde a chosaint (8 marc)	Agus a dtascanna taighde á bpleanáil acu ba cheart d'iarrthóirí: • ceithre cheist taighde chuí ar a laghad a mholadh mar fhócas taighde féideartha; • cur síos ar thrí mhodh taighde ar a laghad; agus • cosaint a sholáthar ar a rogha de thrí mhodh taighde ar a laghad.	Is é 800 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo.
2. Plean taighde a tháirgeadh (8 marc)	Ba cheart d'iarrthóirí plean taighde a tháirgeadh ina bhfuil na rudaí seo a leanas: • ceithre fhoinse ábhartha ar a laghad, lena n-áirítear foinse phríomhúil amháin agus foinse thánaisteach amháin ar a laghad; agus • ceithre ghníomh dhea-eagraithe chuí ar a laghad a bhaineann go soiléir le spriocanna agus sprioc-amanna insroichte.	
3. Ba cheart go mbeadh eolas, tuiscint agus scileanna atá le forbairt sa phlean taighde (8 marc)	Ba cheart d'iarrthóirí: • míniú a thabhairt ar chúig ghné eolais, tuisceana agus scileanna ar a laghad (lena n-áirítear dhá scil ar a laghad) a bhfuil sé beartaithe acu a fhorbairt agus mionsonrú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaí iad a fhorbairt trí shainghníomhaíochtaí taisc.	**Marc iomlán 24**

Cuid B: **Taighde** **1.** Bailíonn, tiomsaíonn agus taifeadann siad fianaise agus déanann siad taifeadadh agus monatóireacht ar dhul chun cinn (8 marc)	Agus iad i mbun taighde ba cheart d'iarrthóirí: • fianaise a bhailiú, a thiomsú agus a thaifeadadh ó cheithre fhoinse ar a laghad ar léir iad a bheith ábhartha, lena n-áirítear foinse phríomhúil amháin agus foinse thánaisteach amháin ar a laghad; • a bplean taighde a úsáid le tráchtanna fónta faoina ndul chun cinn a thaifeadadh, ag tagairt do spriocanna, gníomhartha agus sprioc-amanna ar leith;	Is é 400 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo.
2. Déanann siad anailís ar bhailíocht, iontaofacht, cruinneas a bhfoinsí agus a dtorthaí, lena n-áirítear anailís a dhéanamh le haghaidh claontachta agus aidhmeanna ar leith. Déanann siad cosaint réasúnach dá n-anailís (16 mharc)	• anailís mhionsonraithe a sholáthar ar cheithre cinn ar a laghad de na téarmaí seo a leanas: bailíocht; iontaofacht; cruinneas; claontacht; agus aidhmeanna ar leith • cosaint láidir a sholáthar a thacaíonn go soiléir lena n-anailís.	**Marc iomlán 24**
Cuid C: Torthaí á gCur in Iúl **1. Intreoir:** cuireann siad réasúnaíocht agus cuspóir don taighde ar fáil (6 mharc) **2. Torthaí taighde:** cuireann siad san áireamh a dtuairimí féin agus tuairimí daoine eile ar eochairthorthaí taighde agus léirmhíníonn agus míníonn siad a dtorthaí taighde (12 mharc)	Cuireann iarrthóirí a dtorthaí taighde in iúl i dtuairisc scríofa nó i gcur i láthair PowerPoint. Ba cheart go gcuimseodh seo: • achoimre ar a dtuairisc nó a gcur i láthair PowerPoint; • cás cuimsitheach bailí mar thaca le cosaint agus cuspóir a dtaighde • tuairimí difriúla, agus a dtuairimí féin san áireamh, á gcur i gcomparáid agus i gcodarsnacht go criticiúil lena chéile; • léirmhíniú agus míniú ar na heochairthorthaí taighde.	Is é 1400 ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo.

3. Luacháil ar Thaighde: déanann siad luacháil ar láidreachtaí agus laigí; agus sainaithníonn siad réimsí le feabhsú (6 mharc) **4. Conclúid:** pléann siad a luacháil, a bpríomhthorthaí agus a bpríomhthuairimí (6 mharc)	Cuireann iarrthóirí a dtorthaí taighde in iúl i dtuairisc scríofa nó i gcur i láthair PowerPoint. Ba cheart go gcuimseodh seo: • luacháil chriticiúil chuimsitheach ar láidreachtaí agus ar laigí ina gcur chuige taighde; • eochair-réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta; • plé ar a luacháil lena n-áireofaí míniú cuimsitheach ar laigí a gcur chuige agus ar an tionchar atá acu ar a dtaighde; • léirmhíniú ar raon d'eochairthorthaí; agus • conclúidí dea-réasúnacha, comhleanúnach cosanta.	**Marc iomlán 30**
Cuid D: Féin-Luacháil: déanann siad luacháil ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a d'fhorbair siad; agus déanann siad luacháil ar a bhfeidhmíocht ina gcur chuige taighde agus san obair í féin, agus molann siad réimsí le feabhsú (16 mharc)	Ba cheart d'iarrthóirí: • luacháil a dhéanamh, agus samplaí ábhartha in úsáid, ar an rath a bhí orthu i dtaca lena n-eolas, a dtuiscint agus a scileanna a fhorbairt; • luacháil mhionsonraithe a dhéanamh ar thrí láidreacht agus ar thrí laige ar a gcur chuige agus a gcuid oibre; agus • trí eochair-réimse atá le feabhsú a chur in ord tosaíochta.	Is é 400 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo. **Marc iomlán 16**
Cuid E: **Cur i Láthair**	Ba cheart go mbeadh an tasc struchtúrtha go comhleanúnach agus eagraithe go gonta agus na rudaí seo a leanas san áireamh: • uimhreacha ar leathanaigh/ar shleamhnáin PowerPoint; • innéacs; • ceannteidil rannáin chuí; • líonta focal; agus • leabharliosta le tagairtí cruinne iomlána.	**Marc iomlán 6**
		Marc iomlán 100

Tasc Measúnú Rialaithe Samplach d'Aonad 4: Forbairt Phearsanta
(Meán Fómhair 2018 – Bealtaine 2019)

Anseo thíos tá an tasc measúnú rialaithe d'Aonad 4: Forbairt Phearsanta. Le haghaidh sonraí maidir leis an tasc measúnú rialaithe a chomhlánú agus a mheasúnú féach lgh 21-23 agus lgh 29-33 de shonraíocht GCSE Foghlaim don tSaol agus don Obair.

Tasc Measúnú Rialaithe 2: Ní mór d'iarrthóirí Codanna A-E a chomhlánú.

Imscrúdaigh na buntáistí agus na míbhuntáistí as suíomhanna gréasáin comparáide a úsáid.		
Cuid A: Pleanáil 1. Ceisteanna taighde, modhanna taighde a mholadh agus a gcur chuige taighde a chosaint (8 marc)	Agus a dtascanna taighde á bpleanáil acu ba cheart d'iarrthóirí: • ceithre cheist taighde chuí ar a laghad a mholadh mar fhócas taighde féideartha; • cur síos ar thrí mhodh taighde ar a laghad; agus • cosaint a sholáthar ar a rogha de thrí mhodh taighde ar a laghad.	Is é 800 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo.
2. Plean taighde a tháirgeadh (8 marc)	Ba cheart d'iarrthóirí plean taighde a tháirgeadh ina bhfuil na rudaí seo a leanas: • ceithre fhoinse ábhartha ar a laghad, lena n-áirítear foinse phríomhúil amháin agus foinse thánaisteach amháin ar a laghad; agus • ceithre ghníomh dhea-eagraithe chuí ar a laghad a bhaineann go soiléir le spriocanna agus sprioc-amanna insroichte.	
3. Ba cheart go mbeadh eolas, tuiscint agus scileanna atá le forbairt sa phlean taighde (8 marc)	Ba cheart d'iarrthóirí: • míniú a thabhairt ar chúig ghné eolais, tuisceana agus scileanna ar a laghad (lena n-áirítear dhá scil ar a laghad) a bhfuil sé beartaithe acu a fhorbairt agus mionsonrú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaí iad a fhorbairt trí shainghníomhaíochtaí taisc.	**Marc iomlán 24**

Cuid B: **Taighde** 1. Bailíonn, tiomsaíonn agus taifeadann siad fianaise agus déanann siad taifeadadh agus monatóireacht ar dhul chun cinn (8 marc) 2. Déanann siad anailís ar bhailíocht, iontaofacht, cruinneas a bhfoinsí agus a dtorthaí, lena n-áirítear anailís a dhéanamh le haghaidh claontachta agus aidhmeanna ar leith. Déanann siad cosaint réasúnach dá n-anailís (16 mharc)	Agus iad i mbun taighde ba cheart d'iarrthóirí: • fianaise a bhailiú, a thiomsú agus a thaifeadadh ó cheithre fhoinse ar a laghad ar léir iad a bheith ábhartha, lena n-áirítear foinse phríomhúil amháin agus foinse thánaisteach amháin ar a laghad; • a bplean taighde a úsáid le tráchtanna fónta faoina ndul chun cinn a thaifeadadh, ag tagairt do spriocanna, gníomhartha agus sprioc-amanna ar leith; • anailís mhionsonraithe a sholáthar ar cheithre cinn ar a laghad de na téarmaí seo a leanas: bailíocht; iontaofacht; cruinneas; claontacht; agus aidhmeanna ar leith • cosaint láidir a sholáthar a thacaíonn go soiléir lena n-anailís.	Is é 400 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo. **Marc iomlán 24**
Cuid C: **Torthaí á gCur in Iúl** **1. Intreoir:** cuireann siad réasúnaíocht agus cuspóir don taighde ar fáil (6 mharc) **2. Torthaí taighde:** cuireann siad san áireamh a dtuairimí féin agus tuairimí daoine eile ar eochairthorthaí taighde agus léirmhíníonn agus míníonn siad a dtorthaí taighde (12 mharc)	Cuireann iarrthóirí a dtorthaí taighde in iúl i dtuairisc scríofa nó i gcur i láthair PowerPoint. Ba cheart go gcuimseodh seo: • achoimre ar a dtuairisc nó a gcur i láthair PowerPoint; • cás cuimsitheach bailí mar thaca le réasúnaíocht agus cuspóir a dtaighde • tuairimí difriúla, agus a dtuairimí féin san áireamh, á gcur i gcomparáid agus i gcodarsnacht go criticiúil lena chéile; • léirmhíniú agus míniú ar na heochairthorthaí taighde.	Is é 1400 ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo.

3. Luacháil ar Thaighde: déanann siad luacháil ar láidreachtaí agus laigí; agus sainaithníonn siad réimsí le feabhsú (6 mharc) **4. Conclúid:** pléann siad a luacháil, a bpríomhthorthaí agus a bpríomhthuairimí (6 mharc)	Cuireann iarrthóirí a dtorthaí taighde in iúl i dtuairisc scríofa nó i gcur i láthair PowerPoint. Ba cheart go gcuimseodh seo: • luacháil chriticiúil chuimsitheach ar láidreachtaí agus laigí ina gcur chuige taighde; • eochair-réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta; • plé ar a luacháil lena n-áireofaí míniú cuimsitheach ar laigí ina gcur chuige agus an tionchar atá acu ar a dtaighde; • léirmhíniú ar raon d'eochairthorthaí; agus • conclúidí dea-réasúnacha, comhleanúnach bailí.	**Marc iomlán 30**
Cuid D: **Féin-Luacháil:** déanann siad luacháil ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a d'fhorbair siad; agus déanann siad luacháil ar a bhfeidhmíocht ina gcur chuige taighde agus san obair í féin, agus molann siad réimsí le feabhsú (16 marc)	Ba cheart d'iarrthóirí: • luacháil a dhéanamh, agus samplaí ábhartha in úsáid, ar an rath a bhí orthu i dtaca lena n-eolas, a dtuiscint agus a scileanna a fhorbairt; • luacháil mhionsonraithe a dhéanamh ar thrí láidreacht agus ar thrí laige ar a gcur chuige agus a gcuid oibre; agus • trí eochair-réimse atá le feabhsú a chur in ord tosaíochta.	Is é 400 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo. **Marc iomlán 16**
Cuid E: **Cur i Láthair**	Ba cheart go mbeadh an tasc struchtúrtha go comhleanúnach agus eagraithe go gonta agus na rudaí seo a leanas san áireamh: • uimhreacha ar leathanaigh/ar shleamhnáin PowerPoint; • innéacs; • ceannteidil rannáin chuí; • líonta focal; agus • leabharliosta le tagairtí cruinne iomlána.	**Marc iomlán 6**
		Marc iomlán 100

Tasc Measúnú Rialaithe Samplach d'Aonad 4: Infhostaitheacht
(Meán Fómhair 2018 – Bealtaine 2019)

Anseo thíos tá an tasc measúnú rialaithe d'Aonad 4: Infhostaitheacht. Le haghaidh sonraí maidir leis an tasc measúnú rialaithe a chomhlánú agus a mheasúnú féach lgh 21-23 agus lgh 29-33 de shonraíocht GCSE Foghlaim don tSaol agus don Obair.

Tasc Measúnú Rialaithe 3: Ní mór d'iarrthóirí Codanna A-E a chomhlánú.

Imscrúdaigh an tionchar atá ag teicneolaíochtaí nua ar ghnólachtaí i dTuaisceart Éireann		
Cuid A: Pleanáil 1. Ceisteanna taighde, modhanna taighde a mholadh agus a gcur chuige taighde a chosaint (8 marc)	Agus a dtascanna taighde á bpleanáil acu ba cheart d'iarrthóirí: • ceithre cheist taighde chuí ar a laghad a mholadh mar fhócas taighde féideartha; • cur síos ar thrí mhodh taighde ar a laghad; agus • cosaint a sholáthar ar a rogha de thrí mhodh taighde ar a laghad.	Is é 800 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo.
2. Plean taighde a tháirgeadh (8 marc)	Ba cheart d'iarrthóirí plean taighde a tháirgeadh ina bhfuil na rudaí seo a leanas: • ceithre fhoinse ábhartha ar a laghad, lena n-áirítear foinse phríomhúil amháin agus foinse thánaisteach amháin ar a laghad; agus • ceithre ghníomh dhea-eagraithe chuí ar a laghad a bhaineann go soiléir le spriocanna agus sprioc-amanna insroichte.	
3 Ba cheart go mbeadh eolas, tuiscint agus scileanna atá le forbairt sa phlean taighde (8 marc)	Ba cheart d'iarrthóirí: • míniú a thabhairt ar chúig ghné eolais, tuisceana agus scileanna ar a laghad (lena n-áirítear dhá scil ar a laghad) a bhfuil sé beartaithe acu a fhorbairt agus mionsonrú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaí iad a fhorbairt trí shainghníomhaíochtaí taisc.	**Marc iomlán 24**

Cuid B: **Taighde** 1. Bailíonn, tiomsaíonn agus taifeadann siad fianaise agus déanann siad taifeadadh agus monatóireacht ar dhul chun cinn (8 marc) 2. Déanann siad anailís ar bhailíocht, iontaofacht, cruinneas a bhfoinsí agus a dtorthaí, lena n-áirítear anailís a dhéanamh le haghaidh claontachta agus aidhmeanna ar leith. Déanann siad cosaint réasúnach dá n-anailís (16 mharc)	Agus iad i mbun taighde ba cheart d'iarrthóirí: • fianaise a bhailiú, a thiomsú agus a thaifeadadh ó cheithre fhoinse ar a laghad ar léir iad a bheith ábhartha, lena n-áirítear foinse phríomhúil amháin agus foinse thánaisteach amháin ar a laghad; • a bplean taighde a úsáid le tráchtanna fónta faoina ndul chun cinn a thaifeadadh, ag tagairt do spriocanna, gníomhartha agus sprioc-amanna ar leith; • anailís mhionsonraithe a sholáthar ar cheithre cinn ar a laghad de na téarmaí seo a leanas: bailíocht; iontaofacht; cruinneas, claontacht; agus aidhmeanna ar leith • cosaint láidir a sholáthar a thacaíonn go soiléir lena n-anailís.	Is é 400 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo. **Marc iomlán 24**
Cuid C: **Torthaí á gCur in Iúl** **1. Intreoir:** cuireann siad réasúnaíocht agus cuspóir don taighde ar fáil (6 mharc) **2. Torthaí taighde:** cuireann siad san áireamh a dtuairimí féin agus tuairimí daoine eile ar eochairthorthaí taighde agus léirmhíníonn agus míníonn siad a dtorthaí taighde (12 mharc)	Cuireann iarrthóirí a dtorthaí taighde in iúl i dtuairisc scríofa nó i gcur i láthair PowerPoint. Ba cheart go gcuimseodh seo: • achoimre ar a dtuairisc nó a gcur i láthair PowerPoint; • cás cuimsitheach bailí mar thaca le réasúnaíocht agus cuspóir a dtaighde • tuairimí difriúla, agus a dtuairimí féin san áireamh, á gcur i gcomparáid agus i gcodarsnacht go criticiúil lena chéile; • léirmhíniú agus míniú ar na heochairthorthaí taighde.	Is é 1400 ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo.

3. Luacháil ar Thaighde: déanann siad luacháil ar láidreachtaí agus laigí; agus sainaithníonn siad réimsí le feabhsú (6 mharc) **4. Conclúid:** pléann siad a luacháil, a bpríomhthorthaí agus a bpríomhthuairimí (6 mharc)	Cuireann iarrthóirí a dtorthaí taighde in iúl i dtuairisc scríofa nó i gcur i láthair PowerPoint. Ba cheart go gcuimseodh seo: • luacháil chriticiúil chuimsitheach ar láidreachtaí agus laigí ina gcur chuige taighde; • eochair-réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta; • plé ar a luacháil lena n-áireofaí míniú cuimsitheach ar laigí a gcur chuige agus ar an tionchar atá acu ar a dtaighde; • léirmhíniú ar raon d'eochairthorthaí; agus • conclúidí dea-réasúnacha, comhleanúnach bailí.	**Marc iomlán 30**
Cuid D: **Féin-Luacháil:** déanann siad luacháil ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a d'fhorbair siad; agus déanann siad luacháil ar a bhfeidhmíocht ina gcur chuige taighde agus san obair í féin, agus molann siad réimsí le feabhsú (16 mharc)	Ba cheart d'iarrthóirí: • luacháil a dhéanamh, agus samplaí ábhartha in úsáid, ar an rath a bhí orthu i dtaca lena n-eolas, a dtuiscint agus a scileanna a fhorbairt; • luacháil mhionsonraithe a dhéanamh ar thrí láidreacht agus ar thrí laige ar a gcur chuige agus a gcuid oibre; agus • trí eochair-réimse atá le feabhsú a chur in ord tosaíochta.	Is é 400 focal ar a mhéad an líon focal atá molta don rannán seo. **Marc iomlán 16**
Cuid E: **Cur i Láthair**	Ba cheart go mbeadh an tasc struchtúrtha go comhleanúnach agus eagraithe go gonta agus na rudaí seo a leanas san áireamh: • uimhreacha ar leathanaigh/ar shleamhnáin PowerPoint; • innéacs; • ceannteidil rannáin chuí; • líonta focal; agus • leabharliosta le tagairtí cruinne iomlána.	**Marc iomlán 6**
		Marc iomlán 100

© CCEA 2017

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning